Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Straitéis Athchóirithe Fadtréimhseach na hÉireann

## 2020

De réir riachtanas na Treorach (AE) 2018/884 ag Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle 30 Bhealtaine 2018 ag leasú Treorach 2010/31/AE ar fheidhmíocht fhuinnimh na bhfoirgneamh agus Treoir 2012/27/AE ar éifeachtacht fhuinnimh

# Clár Ábhair


1 Forléargas ... 4

2 Targaidí agus Cuspóirí ... 5

2.1 Athchóiriú ar Stoc Foirgnimh na hÉireann ... 5

2.2 Targaidí Garsprice Náisiúnta ... 5

3 Forléargas ar Stoc Foirgnimh Náisiúnta ... 8

3.1 Limistéir Aeráide agus Áit ... 8

3.2 Earnáil Tithíochta ... 8

3.3 Earnáil Tráchtála agus Poiblí ... 19

3.4 Foirgnimh Traidisiúnta ... 27

4 Baic ... 28

4.1 Goile ... 29

4.2 Inacmhainneacht ... 30

4.3 Inrochtaineacht ... 31

5 Cur Chuige Cost-Éifeachtach ar Athchóiriú ... 32

5.1 Pointí Truiceair a Aithint ... 32

5.2 Measúnú ar Fheidhmíocht Fhuinnimh ... 33

5.3 Tionchar ar Chinnteoireacht ... 35

5.4 Córas Rátála Fhuinnimh Tógála ... 35

5.5 Rannpháirtíocht Gheallshealbhóirí ... 35

5.6 Comhairle Sábhála Fuinnimh ... 36

5.7 Samhail Seachadta Nua ... 37

5.8 Maoiniú agus Deontais ... 39

5.9 Tionscadail Aisfheistithe a Chur chun Cinn ... 39

5.10 Aisfheistiú ar Scála Mór ... 40

5.11 Treoraíocht agus Caighdeáin ... 42

5.12 Conraitheoireacht d'Fheidhmíocht Fhuinnimh ... 44

5.13 Scileanna ... 45
6 Polasaithe agus Bearta ... 46
6.1 Teip an Mhargaidh ... 46
6.2 Bochtanas Fuinnimh ... 46
6.3 Earnáil Tithíochta ... 47
6.4 Earnáil Tráchtála agus Poiblí ... 49
6.5 Téamhú Ceantair ... 50
6.6 Rialacháin Tógála ... 51
6.7 Polasaithe agus Gníomhartha ar Fhoirgnimh Poiblí ... 52
6.8 Codanna Dhúshlánacha ar an Stoc Tógála Náisiúnta ... 55
6.9 Fadhbanna le Spreagadh Roinnte ... 56
7 Teicneolaíochtaí Cliste agus Foirgnimh Dea-Nasctha ... 58
7.1 Méadair Cliste ... 58
7.2 Táscaire Ullmhaíochta Cliste ... 59
7.3 Tacú le Teicneolaíochtaí agus Réitigh Cliste ... 59
8 Sábhálacha Fuinnimh agus Buntáistí níos Leithne ... 61
8.1 Sábhálacha Fuinnimh ... 61
8.2 Buntáistí níos Leithne ... 63
Aguisín 1: Comhairleoireacht Phoiblí ... 66
Aguisín 2: Cur i bhFeidhm LTRS 2017-2020 na hÉireann ... 68

# 1 Forléargas

Leagann an cáipéis seo amach Straitéis Athchóirithe Fadtréimhseach na hÉireann de réir riachtanas na Treorach (AE) 2018/884 ag Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle 30 Bhealtaine 2018 ag leasú Treorach 2010/31/AE ar fheidhmíocht fhuinnimh na bhfoirgneamh agus Treoir 2012/27/AE ar éifeachtacht fhuinnimh[1].

Forbraíodh Straitéis Athchóirithe Fadtréimhseach seo bunaithe ar an treoraíocht eisithe ag an gCoimisiún Eorpach[2].

Áirítear leis an Straitéis Athchóirithe Fadtréimhseach seo polasaithe tógála reatha na hÉireann leagtha amach i raon cáipéisí pholasaithe, go háirithe Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide[3] agus Plean Aeráide d'Fhuinnimh Náisiúnta[4]. Ní athraíonn an cháipéis seo nó déanann sí leasú ar pholasaí agus ní thugann sí creatlach chun forbartha comhthola do thionscadail.

I ndiaidh foirmiú Rialtais nua i Meitheamh 2019, bhí Clár nua don Rialtas faofa agus foilsithe. Áirítear leis sin tiomantas do mheán-laghdú 7% in aghaidh na bliana in astuithe ghás ceaptha teasa ó 2021 go 2030 (laghdú 51% thar deich mbliana) agus chun a náid astuithe a bhaint amach faoi 2050.

De réir is a fhorbraítear polasaithe athchóirithe tógála na hÉireann tuilleadh chun cloí le riachtanais leagtha amach ar Chlár an Rialtais, beartaítear an Straitéis Athchóirithe Fadtréimhseach seo a nuashonrú chun polasaithe nua agus bearta a chuimsiú. Sula ndéantar aon nuashonruithe nó forbairtí ar an Straitéis, déanfar comhairleoireacht phoiblí a mbeidh oscailte do gach eagraíochtaí agus daoine aonair, agus a thabharfaidh deis dóibh ionchur a thabhairt don phróiseas.

---

[1] Tá treoir (AE) 2018/844 ar fáil ag https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:32018L0844&from=EN

[2] Moltaí an Choimisiúin (AE) 2019/786 ar fáil ag https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:32018L0844&from=EN

[3] https://www.dccae.gov.ie/en-ie/climate-action/publications/Documents/16/Climate_Action_Plan_2019.pdf

[4] https://www.dccae.gov.ie/en-ie/energy/publications/Documents/26/National_Energy_and_Climate_Plan2021-2030.pdf

# 2 Targaidí agus Cuspóirí

## 2.1 Athchóiriú ar Stoc Foirgnimh na hÉireann

Chun astuithe a laghdú i gcomhréir le aidhmeanna náisiúnta agus idirnáisiúnta, is gá do stoc tógála na hÉireann a bheith éifeachtach go leor ó thaobh fuinnimh agus dícharbónaithe go mór roimh 2050.

Teastaíonn chuige sin:

1. A chinntiú go bhfuil foirgnimh nua ar a laghad ag caighdeán tógála gan fhuinnimh (NZEB), agus
2. An chuid is mó foirgnimh reatha a aisfheistiú.

Rialacháin Tógála casta a chur i bhfeidhm, riachtanais feidhmíochta charbóin agus fuinnimh d'áitribh nua in 2007, 2011 agus riachtanais d'Foirgnimh Beagnach a Náid Charbóin (NZEB) in 2017, i gcomhair foirgnimh nua eile ná áitribh agus in 2019 i gcomhair áitribh a bhí mar thiomántóir tábhachtach chun a chinntiú go bhfuil foirgnimh nua éifeachtach ó thaobh fuinnimh. Cinntíonn an caighdeán NZEB, i bhfeidhm ó 1 Samhain 2019, go bhfuil gach foirgneamh nua éifeachtach go leor ó thaobh fuinnimh. Tá sé measta go mbeidh timpeall 355,000 áitribh nua tógtha do Rátáil Fuinnimh Foirgnimh (BER) leibhéal A roimh 2030.

Beidh sé riachtanach freisin seanfhoirgnimh a aisfheistiú. Teastaíonn athchóirithe móra ó na Rialacháin Tógála chun leibhéal BER B a bhaint amach, nó cost-optamach nó carbón coibhéiseach. Táthar ag súil gur gá os cionn 1.5 milliún foirgneamh a aisfheistiú roimh 2050.

## 2.2 Targaidí Garsprice Náisiúnta

Leagann Plean na hÉireann um Ghníomhú ar son na hAeráide[5]treochlár mionsonraithe i gcomhair tréimhse 2021 go 2030 le cuspóir chun astuithe coibhéiseacha CO2 a laghdún ón timpeallacht tógtha ag 40%-45% coibhéiseach do réamh-mheastacháin 2030. Áirítear leis sin na aidhmeanna garsprice do 2030.

Ag an earnáil tí, áirítear leis sin:

- 500,000 teach a aisfheistiú go leibhéal BER B2 nó coibhéiseach cost-éifeachtach nó carbóin;

---

[5] https://www.dccae.gov.ie/en-ie/climate-action/publications/Documents/16/Climate_Action_Plan_2019.pdf

- Uasghrádú ó Údaráis Áitiúil ar a stoc tithíochta faoi réir Chéim 2 an chláir aisfheiste tithíochta sóisialaí chun áitribh a thabhairt go leibhéal BER B2 nó coibhéiseach cost-optamach;
- 600,000 caidéal teasa a shuiteáil (400,000 i bhfoirgnimh reatha); agus
- Riachtanais ardfheidhmíochta sna rialacháin reatha in éineacht le riachtanas inathnuaite riachtanach, a chruthaíonn aistriú gasta go córais íseal carbóin in áitribh nua.

Sna earnálacha tráchtála agus poiblí, áirítear leis an aidhm:

- Infheistíochtaí in éifeachtacht fhuinnimh do stoc foirgnimh tráchtála le aidhm chun ar a laghad triain d'iomlán na n-áitreabh tráchtála uasghrádaithe go leibhéal BER B; agus
- Straitéis Éifeachtachta Fuinnimh an Earnála Poiblí agus a chlár tacaíochta bainteach ag cuidiú do chomhlachtaí poiblí chun aidhmeanna fuinnimh náisiúnta a bhaint amach 33% do 2020, 50% roimh 2030, lena n-áirítear foirgnimh poiblí.

Tá sé dírithe go mbeidh gach foirgnimh an earnála poiblí agus triain d'fhoirgnimh tráchtála aisfheistithe go leibhéal BER B roimh 2030. Cé nach raibh garspriocanna socraithe go foirmiúil do 2040 agus 2050, táthar ag súil go mbainfear amach garsprioc treoraithe dhá thriain d'fhoirgnimh tráchtála aisfheistithe go leibhéal BER B roimh 2040 agus gach foirgneamh tráchtála roimh 2050.

Ní raibh garspriocanna foirmiúla socraithe i gcomhair earnáil tithíochta do 2040, ach léiríonn an targaid 500,000 do 2030 triain den stoc sa chéad trí deich mbliana, agus tá sé dóchúil faoi láthair go mbeadh 500,000 aisfheistiú breise ina n-aidhm garsprice ionchais do 2040 sula mbaintear amach 1.5 milliún teach aisfheistithe in 2050.

Taispeántar an breacadh síos bliantúil léiritheach i gcomhair aisfheistithe tithíochta de réir samhlach faoi réir Bearta Breise (WAM) an Phlean Aeráide agus Fuinnimh Náisiúnta (NECP) ar taispeáint sa tábla thíos. Cé gur féidir leis athrú i ngeall ar réimse fachtóirí, déanfaimid ár ndícheall chun seachadadh i gcomhréir leis an bpróifíl thíos.

I gcomhair foirgnimh tráchtála, meastar go mbeidh meán 1,350 foirgneamh in aghaidh na bliana aisfheistithe.

| **Líon na bhFoirgneamh Tithíochta Measta le bheith Aisfheistithe go BER B2 in aghaidh na Bliana (nó coibhéiseach carbóin)** | |
|---|---|
| **Bliain** | **Caidéil Teasa i bhFoirgnimh Tithíochta** |

| | |
|---|---|
| 2021 | 13,000 |
| 2022 | 33,500 |
| 2023 | 55,000 |
| 2024 - 2030 | 56,215 gach bliain |

**Tábla 1: Líon na bhFoirgneamh Tithíochta Measta le bheith Aisfheistithe go BER B2 in aghaidh na Bliana (nó coibhéiseach carbóin)**

**Foinse:** SEAI

Spreagfaidh an leibhéal aisfheistithe ardú sa mhéad caidéil teasa agus coirí bithmhaise. Taispeántar na uimhreacha glactha faoi réir Bhearta Breise (WAM) an Phlean Aeráide agus Fuinnimh Náisiúnta (NECP) ar taispeáint sa tábla thíos.

| Líon Carnach na gCóras Teasa i bhFoirgnimh Reatha | | | |
|---|---|---|---|
| **Bliain** | **Caidéil Teasa i bhFoirgnimh Tithíochta** | **Caidéil Teasa i bhFoirgnimh Tráchtála/Poiblí** | **Coirí Bithmhaise i bhFoirgnimh Tráchtála/Poiblí** |
| 2021 | 53,865 | 5,872 | 72 |
| 2022 | 75,365 | 6,330 | 186 |
| 2023 | 118,240 | 6,752 | 307 |
| 2024 | 161,115 | 7,185 | 433 |
| 2025 | 203,990 | 7,336 | 558 |
| 2026 | 246,865 | 7,489 | 558 |
| 2027 | 289,740 | 7,644 | 558 |
| 2028 | 332,615 | 7,786 | 558 |
| 2029 | 375,490 | 7,928 | 558 |
| 2030 | 418,365 | 8,071 | 558 |

**Tábla 2: Líon Carnach na gCóras Teasa i bhFoirgnimh Reatha**

**Foinse:** SEAI

# 3 Forléargas ar an Stoc Tógála Náisiúnta

## 3.1 Limistéir Aeráide agus Áit

Is oileán beag í Éire le aimsir measartha ar fud na tíre. Níl a lán éagsúlú aeráide sa tír. I ngeall ar limistéar geografach an náisiúin agus easpa éagsúlaithe aeráide thar an limistéar seo, níl aon ghá chun bannaí difriúla a aithint do limistéir aeráide ar féidir a mbeidh idirghabhálacha ag teastáil uathu.

Tá leibhéal gníomhaíochta seismigh an-íseal in Éirinn, ag eascrú i sábháilteacht agus riosca an-íseal dóiteáin maidir le athchóirithe éifeachtachta fuinnimh.

Léiríonn timpeallacht seachtrach na hÉireann dúshláin uathúla, go hairithe i gcomhair foirgnimh inslithe go hinmheánach le balla soladach. Níl cuid mhaith de na struchtúir sin in oiriúint mar is cuí d'aeráid na hÉireann agus seans go dteastaíonn cothabháil leanúnach uathu. Tá déine báistí tiomnaithe ag gaoithe d'Éireann i bhfad níos airde ná na luachanna ag an gcuid is mó Ballstáit eile. Leis sin, bíonn leibhéil taise atmaisféaracha ard an bhliain ar fad agus ní bhraitear an triomú sa chuid is mó Ballstát ar feadh aimsire séasúraigh ar bhealach cosúil le hÉirinn.

Tá níos mó ná triain d'áitribh na hÉireann i gceantair tuaithe agus 93%[6] de na áitribh sin scoite nó leathscoite. De bharr comhghléis líonta arda áitribh tuaithe agus tithe teaghlaigh singil, bíonn comhbhailiúchán tionscadail aisfheistithe níos dúshlánaigh in Éirinn.


Tá ardleibhéal áitribh teaghlaigh singil faoi úinéireacht phríobháideach a bhí curtha in oiriúint do riachtanais teaghlaigh ar leith ar bhonn píosaí. Cuireann sin leibhéal saincheaptha ar fáil i stoc tógála tithíochta, a dhéanann comhbhailiúchán nó aisfheistiú níos dúshlánaigh. Mar dhea, fiú foirgnimh tógtha ar an sráid céanna ag an am céanna ag an tógálaí céanna, bíonn siad oiriúnaithe thar am agus éiríonn siad an-difriúil ina limistéar urláir agus úsáid fhuinnimh.

## 3.2 Earnáil Cónaithe

### 3.2.1 Ag Tógáil Uimhreacha, Cineálacha, Aois agus Áitíocht

Tá timpeall 1.7 milliún tithe áitithe in Éirinn. Is tithe aon teaghlaigh an chuid is mó foirgnimh cónaithe in Éirinn. Níl ach ceann i ngach ocht n-áitreabh in Éirinn ina árasán nó cuid d'aonad ilchónaithe.

[6] Daonáireamh 2016




**Figiúr 15.** Catagóirí Tógála Cónaithe


**Foinse:** An Daonáireamh 2016[7] (sonraí cónaithe)

Fuair an tAthbhreithniú Tithíochta Eorpach 2007 go bhfuil an stoc áitribh is óige ag Éirinn san AE. Go ginearálta bíonn foirgnimh tógtha in Éirinn roimh 1940 (arna gcur síos mar 'fhoirgnimh traidisiúnta') le saoirseacht soladach balla agus déileálann siad le tais ar bhealach an-difriúil ó fhoirgnimh nua-aoiseacha, ag ceadú súchán, gluaiseachta agus galaithe san fhoirgneamh seachas triail a bhaint as é a eisiamh, mar atá i gceist leis an gcuid is mó foirgnimh nua-aoiseach.

Is féidir le easpa tuisceana ginearálta na feidhmíochta hidriteirmeach (gluaiseacht an teasa agus tais trí fhoirgnimh) le stoc traidisiúnta tógála san earnáil tógála agus i measc sonraitheoirí in éineacht le nádúr éagsúil na bhfoirgneamh sin, deacracht éigin a chur ar aisfheistiú. Bhí timpeall 16% den stoc tógála cónaitheach tógtha roimh 1940. Bhí a thuilleadh 15% den stoc tithíochta reatha críochnaithe roimh 1970, agus tá beagán inslithe nó gan aon insliú ionsuite iontu.

Bhí na Rialacháin Tógála, a chuaigh i ngleic go follasach le caomhnú breosla agus fuinnimh i bhfoirgnimh, eisithe in 1992. Tagann timpeall 58% d'áitribh tithíochta ón tréimhse roimh an am sin. Mar thoradh leis na Rialacháin Tógála, teastaíonn ardleibhéal éifeachtachta fuinnimh ó áitribh tógtha roimh 2006.


[7] Tá an Daonáireamh in Éirinn dlite le tarlú in 2021.




**Figiúr 25.** Bandaí Aoise le Áitribh Áitithe

**Foinse:** Daonáireamh 2016

Tá timpeall dhá thriain d'fhoirgnimh cónaitheach in Éirinn áitithe ag an úinéir; d'ainneoin sin, bhí treocht ann i dtreo cíosa le blianta beaga anuas. Tá a dtithe féin ag 36% teaghlaigh in Éirinn, gan aon mhorgáiste nó iasacht. Is breithniúchán tábhachtach í an tionacht i gcomhair cláir aisfheistithe nó athchóirithe toisc gur dóchúil go bhfuil cúinsí agus spreagthaí difriúla ag tomhaltóirí le tionachtaí dhifriúla. Léiríonn an earnáil cíosa príobháidigh 18% de stoc tithíochta na hÉireann.





**Figiúir 3:** Breacadh síos Úinéireachta

**Foinse:** Daonáireamh 2016


## 3.2.2 Feidhmíocht Fhuinnimh

Léiríonn an figiúr thíos treocht ar son ídithe fuinnimh deiridh an earnála tithíochta idir 2005 agus 2018. Laghdaigh fuinneamh tithíochta gach bliain idir 2007 agus 2012 ach d'ardaigh sé idir 2015 agus 2018. Bhí úsáid fuinnimh deiridh cónaithe in 2018 2,786 ktoe, sin 5.1% faoi bhun an leibhéil taifeadta in 2005. Ag ceartú i gcomhair éagsúluithe aimsire, bhí úsáid fuinnimh deiridh cónaithe in 2018 8.2% faoi bhun 2005.




**Figiúir 4:** Fuinneamh Deiridh Cónaitheach.

**Foinse:** SEAI Nollag 2019




**Figiúr 55.** Fuinneamh an áitribh

**Foinse:** SEAI Meán Fómhair 2020

| Gach breosla | aonad | 2016 | | 2017 | | 2018 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Téamhú spáis** | ktoe | 61% | 1,652 | 59% | 1,535 | 61% | 1,686 |
| **Fuarú spáis** | ktoe | 0% | 0 | 0% | 0 | 0% | 0 |
| **Téamhú uisce** | ktoe | 19% | 507 | 20% | 516 | 19% | 532 |
| **Cócaireacht** | ktoe | 2% | 61 | 2% | 63 | 2% | 64 |
| **Soilsiú agus fearais** | ktoe | 17% | 459 | 18% | 468 | 17% | 477 |
| **Úsáidí deiridh eile** | ktoe | 1% | 25 | 1% | 25 | 1% | 26 |
| **Iomlán Cónaitheach / Teaghlaigh** | ktoe | | 2,704 | | 2,608 | | 2,786 |

**Tábla 3:** Úsáid deiridh fuinnimh san earnáil tithíochta

**Foinse:** SEAI Meán Fómhair 2020

Idir 2005 agus 2018, bhí foinsí breosla réasúnta seasmhach, le ardú de réir a chéile i roinnt fuinnimh agus gáis agus laghdú de réir a chéilein úsáid guaile, móna agus ola. Taispeántar an meascán breoslaí ídithe san earnáil cónaithe thar an tréimhse chomh maith le rátaí fáis, cáinníochtaí agus roinnt sna figiúirí thíos.

Fanann ola san earnáil ceannasadh breosla agus cónaithe, cé gur laghdaigh a sciar beagáinín, ó 39% in 2005, go 38% in 2018. Ba é leictreachas an dara fhoinse fuinnimh is mó san earnáil in 2018 ag 25%, le gás nádúrtha leis an chéad sciar is airde ag 22%. Bhí sciar inathnuaire fuinnimh deiridh in úsáid go díreach i dtithe in 2018 2.5%, rud nach nglacann san áireamh sciar inathnuaite úsáide leictrachais.

Thar an tréimhse 2007 go 2014 laghdaigh úsáid fuinnimh tithíochta ceartaithe ag an aimsir ag 18%, nó 542 ktoe. Bhí an chuid is mó den laghdú i ngeall ar úsáid ola a thit 28% (nó 324 ktoe), agus gás ina dhiaidh sin, a thit 16% (100 ktoe). Bhí buaicphointe ídithe leictreachais san earnáil cónaithe in 2010 agus thit sé 2.1% ó shin.

| TFC Cónaithe | Fás Ginearálta (%) | | Fás Bliantúil Meánach (%) | | | | Cáinníochtaí (ktoe) | | Sciar (%) | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 1990 - 2018 | 2005 - 2018 | 2005 - 2018 | 2010 - 2015 | 2015 - 2018 | 2018 | 2005 | 2018 | 2005 | 2018 |
| Breoslaí Iontaise (Iomlán) | 8.5 | -11.3 | -0.9 | -5.0 | 1.7 | 8.3 | 2,271 | 2,015 | 77.3 | 72.3 |
| Gual | -75.2 | -36.9 | -3.5 | -4.1 | -9.0 | 4.4 | 246 | 155 | 8.4 | 5.6 |
| Móin | -72.9 | -28.0 | -2.5 | -4.6 | -0.7 | 4.4 | 273 | 197 | 9.3 | 7.1 |
| Brícíní | -55.6 | -23.8 | -2.1 | -3.7 | -1.9 | 13.5 | 90 | 69 | 3.1 | 2.5 |
| Ola | 172.0 | -7.5 | -0.6 | -5.4 | 3.5 | 9.5 | 1,145 | 1,059 | 39.0 | 38.0 |
| Gás | 415.2 | -0.4 | 0.0 | -4.8 | 2.9 | 8.7 | 607 | 604 | 20.7 | 21.7 |
| Inathnuaite | 52.9 | 246.1 | 10.0 | 6.4 | 4.2 | 8.0 | 20 | 68 | 0.7 | 2.5 |
| Breoslaí Inlasta (Iomlán) | 7.4 | -10.7 | -0.9 | -4.9 | 1.6 | 8.3 | 2,287 | 2,043 | 77.9 | 73.3 |
| Leictreachas | 97.3 | 8.8 | 0.7 | -1.6 | 1.2 | 2.6 | 646 | 703 | 22.0 | 25.2 |
| Iomlán | 23.4 | -5.1 | -0.4 | -4.0 | 1.6 | 6.8 | 2,937 | 2,786 | 100.0 | 100.0 |
| Iomlán (ceartaithe don aimsir) | 15.6 | -8.2 | -0.7 | -2.3 | 2.5 | 5.5 | 2,995 | 2,749 | - | - |

**Tábla 4:** Rátaí fáis, cáinníochtaí agus sciar ídithe deiridh san earnáil cónaithe

**Foinse:** SEAI Nollag 2019

In 2018, d’ídigh an meán-áitreabh iomlán 18,208 kWh fuinnimh bunaithe ar shonraí ceartaithe de réir aimsire. Chomhdhéan sin 13,614 kWh (75%) de bhreoslaí díreacha agus 4,594 kWh (25%) leictreachais.

Laghdaigh úsáid fhuinnimh deiridh meánach d’áitribh áitithe go buan ar bhealach suntasach idir 2005 agus 2014, sular thosaigh sé ag fás arís in 2015 agus 2016, ag titim in 2017 agus ag fás arís in 2018. Bhí ídiú fuinnimh deiridh iomlán ceartaithe de réir aimsire in aghaidh an áitribh comhleanúnach don trí bhliain deiridh, agus tá sé fós 27% faoi bhun leibhéil 2005. Idir

2007 agus 2018, laghdaigh úsáid fuinnimh deiridh leictreachais in aghaidh an áitribh, ceartaithe de réir aimsire, 14%.

| Ídiú Fuinnimh an Aonaid Chónaithe | Fás Ginearálta (%) | | Fás Bliantúil Meánach (%) | | | | | Cáinníochtaí (kWh/Áitreabh) | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 1990 - 2018 | 2005 - 2018 | 2005 - 2018 | 2005 - 2010 | 2010 - 2015 | 2015 - 2018 | 2018 | 2005 | 2018 |
| Fuinneamh Iomlán | -30.2 | -24.5 | -2.1 | -1.0 | -5.0 | 1.0 | 6.2 | 24,105 | 18,208 |
| Fuinneamh Bhreosla Iontaise | -38.0 | -27.6 | -2.5 | -1.2 | -5.8 | 1.1 | 7.7 | 18,802 | 13,614 |
| Fuinneamh Leictreach | 11.7 | -13.4 | -1.1 | -0.6 | -2.7 | 0.6 | 2.0 | 5,302 | 4,594 |
| Ídiú Fuinnimh an Aonaid Chónaithe, Ceartaithe de réir Aimsire | Fás Ginearálta (%) | | Fás Bliantúil Meánach (%) | | | | | Cáinníochtaí (kWh/Áitreabh) | |
| | 1990 - 2018 | 2005 - 2018 | 2005 - 2018 | 2005 - 2010 | 2010 - 2015 | 2015 - 2018 | 2018 | 2005 | 2018 |
| Iomlán Fuinnimh, Ceartaithe de réir Aimsire | -34.5 | -26.9 | -2.4 | -3.4 | -3.9 | 1.9 | 4.9 | 24,583 | 17,967 |
| Fuinneamh Bhreosla Iontaise, Ceartaithe de réir Aimsire | -42.5 | -30.5 | -2.8 | -4.2 | -4.3 | 2.3 | 6.0 | 19,261 | 13,385 |
| Fuinneamh Leictreach, Ceartaithe de réir Aimsire | 10.4 | -13.9 | -1.1 | -0.6 | -2.8 | 0.8 | 1.8 | 5,322 | 4,582 |
| Astuithe CO2 Bainteach le Fuinneamh Cónaithe | Fás Ginearálta (%) | | Fás Bliantúil Meánach (%) | | | | | Cáinníochtaí (tCO2/Áitreabh) | |
| | 1990 - 2018 | 2005 - 2018 | 2005 - 2018 | 2005 - 2010 | 1990 - 2018 | 2005 - 2018 | 2005 - 2018 | 2005 | 1990 – 2018 |
| Fuinneamh Iomlán CO2 | -52.1 | -38.7 | -3.7 | -2.6 | -5.7 | -2.2 | -0.6 | 8.4 | 5.1 |
| Fuinneamh Bhreosla Iontaise CO2 | -51.4 | -31.9 | -2.9 | -1.7 | -6.0 | 0.4 | 7.4 | 5.0 | 3.4 |
| Fuinneamh Leictreach CO2 | -53.2 | -48.8 | -5.0 | -4.1 | -5.1 | -6.5 | -13.2 | 3.4 | 1.7 |

**Tábla 5:** Rátaí fáis agus cáinníochtaí ar ídiú fuinnimh cónaithe agus astuithe CO2

**Foinse:** SEAI Nollag 2019

Thit astuithe carbóin bainteach le fuinneamh in aghaidh an áitribh 39% thar tréimhse 2005 go 2018, cé go raibh an laghdú úsáide fuinnimh aonais 24%. In 2018, bhí an t-áitreabh meánach freagrach as 5.1 tonna CO2 bainteach le fuinneamh a astú. Tháinig iomlán 3.4 tonna CO2 (66%) ó úsáid dhíreach breosla sa bhaile agus an chuid eile go hindíreach ó úsáid leictreachais.

Thit astuithe CO2 bainteach le fuinneamh in aghaidh an áitribh i gcomhair úsáide breosla neamh-leictreach 32% idir 2005 agus 2018 mar thoradh as ídiú fuinnimh laghdaithe in aghaidh an áitribh. Laghdaigh astuithe CO2 ó úsáid leictreachais 49% sa tréimhse céanna i ngeall ar úsáid leictreachais laghdaithe agus déine carbóin laghdaithe sa ghreille leictreachais. Tháinig feabhas ó dhéine carbóin sa ghreille leictreachais ó 2002 le tuirbíní ghás comh-thimthriaill ag athchur giniúna le ola, móin agus gual agus thosaigh an rannpháirtíocht inathnuaite sa ghiniúint leictreachais ag fás.

Mhéadaigh astuithe ó úsáid fhuinnimh i dtithe díreach 0.04% in 2018, choinnigh an t-ardú íseal mar thoradh as déine CO2 laghdaithe den leictreachas soláthraithe agus freagartha ag ídiú breoslaí iontaise ardaithe. D’ardaigh astuithe ó úsáid dhíreach breosla 8% in 2018.


Léiríonn an tábla thíos an córas BER mar a oibrítear in Éirinn.

| Rátáil Fuinnimh Tógála | Rátáil | Príomh-fhuinneamh |
|---|---|---|
| BER A1 A2 A3 | Rátáil A | < 75 kWh/m2/yr |
| BER B1 B2 B3 | Rátáil B | 75 go 150 kWh/m2/yr |
| BER C1 C2 C3 | Rátáil C | 150 go 225 kWh/m2/yr |
| BER D1 D2 | Rátáil D | 225 go 300 kWh/m2/yr |
| BER E1 E2 | Rátáil E | 300 go 380 kWh/m2/yr |
| BER F | Rátáil F | 380 go 450 kWh/m2/yr |
| BER G | Rátáil G | > 450 kWh/m2/yr |

**Tábla 6:** Cairt Rátála Fuinnimh Tógála (BER)

Léirítear na sonraí is déanaí rátála fuinnimh den stoc náisiúnta sa tábla agus grafaic thíos. Léiríonn sé dáileachán rátálacha fuinnimh go náisiúnta in 2019. Déanta ag an CSO, tugann

sé fortheilgean ar phictiúr náisiúnta rátálacha fuinnimh le rátálacha BER iarbhír ualaithe ar an leibhéal náisiúnta.




**Figiúr 65.** Rátálacha BER de réir cineáil áitribh

**Foinse:** Bunachar Sonraí CSO BER

Bhí áitribh tógtha in 2015-2019 níos éifeachtaí ó thaobh fuinnimh ná i dtréimhsí níos luaithe le 97% de réir BER “A” i gcomparáid le 36% in 2010-2014 agus 1% in 2005-2009.

Rátálacha Fuinnimh Fhoirgn. Tithíochta

Ceathrú 1 2020

Tábla A: Rátálacha BER/Tréimhse Tógála

*% den ró*


| Tréimhse tógála | *Rátáil fuinnimh* | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | A | B | C | D | E | F-G | iomlán |
| 1700-1977 | 0 | 4 | 19 | 24 | 20 | 32 | 266,833 |
| 1978-1999 | 0 | 6 | 41 | 35 | 12 | 6 | 249,947 |
| 2000-2004 | 0 | 10 | 61 | 21 | 6 | 2 | 159,337 |
| 2005-2009 | 1 | 35 | 51 | 10 | 3 | 1 | 148,544 |
| 2010-2014 | 35 | 56 | 7 | 1 | 0 | 0 | 11,201 |
| 2015-2020 | 97 | 3 | 0 | 0 | 0 | 0 | 48,518 |

**Figiúr 75.** Cairt BER Náisiúnta

**Foinse:** CSO Aibreáin 2020

### 3.2.3 Athchóiriú go dí seo

Taispeánann an grafaic thíosáitribh a raibh níos mó ná iniúchadh BER amháin déanta. Léiríonn sé seo an dul chun cinn sna deich mbliana caite chun rátálacha fuinnimh cónaitheach a fheabhsú.




**Figiúr 85.** BER is luaithe i gcomparáid leis an gceann is déanaí d'áitribh le go leor BER (2009-2020)

**Foinse:** CSO 2020[8] bunaithe ar os cionn 835,000 rátáil don tréimhse sin.

In Éirinn bíonn scéimeanna éifeachtachta fhuinnimh agus tacaíochta deartha chun tacú le uasghráduithe éifeachtachta fhuinnimh tógtha roimh 2006 agus suiteáil inathnuaite i dtithe tógtha i ndiaidh 2011. Theastaigh leibhéal feabhsaithe feidhmíochta fuinnimh ó rialacháin tógála curtha i bhfeidhm ó 2006 agus chuir rialacháin curtha i bhfeidhm ó 2011 riachtanas in áit chun go mbeadh inathnuaite suiteáilte. Óna chur i bhfeidhm bhain os cionn 400,000 teach leas as tacaíocht dheontas an Rialtais faoi réir an Chláir Fhuinneamh Níos Fearr.

Sa tréimhse idir 2000 agus 2019, bhí obair athchóirithe déanta ar thimpeall triain de thithe ag an Rialtas nó tacaíocht soláthair fuinnimh. Níl taifead faoi láthair ar athchóirithe déanta sa tréimhse, mura raibh tacaíocht an Stáit bainteach leo nó tacaíocht ó sholáthraí fuinnimh. Bhí an béim ó 2017 níos doimhne ar athchóiriú. Dá bhrí sin, cé gur laghdaigh líon ginearálta athchóirithe ar thithe le tacaíochtaí an stáit i gcomparáid leis na blianta roimhe, bhí líon na n-athchóirithe sna tithe sin i bhfad níos airde.

## 3.3 Earnáil Tráchtála agus Poiblí


Tá stoc tógála tráchtála ag Éirinn lena n-áirítear oifigí, foirgnimh miondíola agus tionsclaíocha. Áirítear leis an stoc foirgnimh poiblí oifigí, ospidéil agus foirgnimh chúram

[8] https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/er/dber/domesticbuildingenergyratingsquarter12020/

sláinte, foirgnimh scoile agus oideachais, cultúrtha agus stairiúla agus stáisiúin (póilíní) na nGardaí.

### 3.3.1 Ag Tógáil Uimhreacha, Cineálacha, Aois agus Áitíocht


Tá meastachán 124,000 foirgneamh san earnáil tráchtála agus poiblí in Éirinn leis na huimhreacha is airde ina n-oifigí agus asraonta miondíola. Taispeántar breacadh síos de réir catagóir.




**Figiúr 95.** Catagóirí Fhoirgneamh san Earnáil Tráchtála agus Poiblí

**Foinse:** SEAI: Suirbhé chuimsitheach ar fhoirgnimh tráchála in Éirinn

Áirítear le stoc foirgnimh tráchtála in Éirinn timpeall 15,000 foirgneamh poiblí agus timpeall 109,000 foirgneamh tráchtála. Taispeántar breacadh síos ar fhoirgnimh tráchtála de réir méid thíos.





**Figiúr 105.** Líon na bhFoirgneamh Tráchtála

**Foinse:** SEAI: Suirbhé chuimsitheach ar fhoirgnimh tráchála i bPoblacht na hÉireann

**Foirgneamh Mór:** Glanlimistéar Urláir > 1000m2; Glanlimistéar Urláir Fhoirgnimh Beaga < 1000m2

Meastar go bhfuil leibhéal úsáide tithíochta corpraithe in 29% d’fhoirgnimh tráchtála in Éirinn, leis an 71% eile tráchtála amháin.


Tá meastachán 38% stoc foirgnimh tráchtála in Éirinn comhdhéanta d’fhoirgnimh aonair leis an gcuid is mó foirgnimh ceangailte le ceann nó níos mó d’fhoirgnimh. Tugtar breacadh síos thíos.




**Figiúr 115.** Cineál Foirgnimh


**Foinse:** SEAI: Suirbhé chuimsitheach ar fhoirgnimh tráchála i bPoblacht na hÉireann

Tá meastachán 7% de stoc foirgnimh tráchtála na hÉireann tógtha ó 2010. Tugtar breacadh síos thíos.




**Figiúr 125.** Tréimhse Tógála Earnála Tráchtála agus Poiblí %

Áirítear le stoc foirgnimh tráchtála in Éirinn meascán foirgnimh áitithe ag an úinéir agus ar cíos. Tugtar breacadh síos, lena n-áirítear cé an cinntitheoir maidir le aisfheistiú, thíos.




**Figiúr 135.** Cinntitheoirí


## 3.3.2 Feidhmíocht Fhuinnimh

Léiriú ar fheidhmíocht fhuinnimh na bhfoirgneamh de réir tréimhse tógála ar fáil thíos bunaithe ar shonraí ar fáil. Ní mór tabhairt faoi deara nach bhfuil na sonraí seo ar fáil do gach foirgneamh agus is dóchúil go mbeidh sé ar fáil dóibh sin a chuaigh trí aisfheistiú, só ba chóir caitheamh leis mar léiritheach amháin.

Taispeánann an figiúr thíos an treocht i gcomhair ídithe deiridh fuinnimh san earnáil tráchtála agus poiblí idir 2005 agus 2018.[9] Laghdaigh éileamh ar fhuinneamh tithíochta san earnáil tráchtála agus poiblí gach bliain idir 2008 agus 2014 ach d'ardaigh sé idir 2015 agus 2018.


Bhí úsáid fuinnimh deiridh san earnáil tráchtála agus poiblí in 2018 1,484 ktoe, sin 5.4% faoi bhun an leibhéil taifeadta in 2005. Ag ceartú i gcomhair éagsúluithe aimsire, bhí úsáid fuinnimh deiridh cónaithe in 2018 8.2% faoi bhun 2005 freisin. Nuair a bhí sé athbhreithnithe bunaithe ar líon na bhfostaithe, bhí úsáid fuinnimh/fostaí in 2018 10,040 kWh/fostaí, sin feabhas 22.9% ar an leibhéal taifeadta in 2005.

[9] Tagann na sonraí maidir le úsáid fhuinnimh ó: *Fuinneamh in Éirinn. Tuarascáil 2019,* Údarás Fuinnimh Inathnuaite na hÉireann, 2019.




**Figiúr 145.** Fuinneamh Dheiridh san Earnáil Tráchtála agus Poiblí

**Foinse:** SEAI Nollag 2019




**Figiúr 155.** Fuinneamh an áitribh

**Foinse:** SEAI Meán Fómhair 2020

Leictreachas is ea an breosla is coitianta san earnáil tráchtála agus poiblí, cé gur laghdaigh a sciar beagáinín, ó 46% in 2005, go 43% in 2018. D'fhan breoslaí iontaise comhleanúnach ag 53%, cé gur laghdaigh ola ó 33% go 18% agus d'ardaigh gás ó 19% go 36%. Sciar inathnuaite fuinnimh deiridh úsáidte san earnáil tráchtála agus poiblí in 2018 ná 2.9%. Thit

astuithe $CO_2$ bainteach le fuinneamh 37% thar an tréimhse 2005-2018. Taispeántar é sin ar bhealach níos mionsonraithe sna táblaí thíos.

| TFC Earnála Tráchtála/ Poiblí | Fás Ginearálta (%) | | Fás Bliantúil Meánach (%) | | | | Cáinníocht (ktoe) | | Sciar (%) | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 1990 - 2018 | 2005 - 2018 | 2005 - 2018 | 2010 - 2015 | 2015 - 2018 | 2018 | 2005 | 2018 | 2005 | 2018 |
| **Breoslaí Iontaise (Iomlán)** | 9.3 | -4.5 | -0.4 | -4.2 | 6.1 | 7.8 | 837 | 800 | 53.4 | 53.9 |
| **Gual** | -100.0 | -100.0 | -100.0 | - | - | - | 27 | - | 1.7 | 0.0 |
| **Ola** | -55.8 | -47.7 | -4.9 | -9.6 | 4.2 | 4.0 | 511 | 268 | 32.6 | 18.0 |
| **Gás** | 466.2 | 78.2 | 4.5 | -0.4 | 7.2 | 9.9 | 299 | 532 | 19.0 | 35.8 |
| **Inathnuaite** | 89719.3 | 964.6 | 20.0 | 8.7 | 9.7 | -2.0 | 4 | 43 | 0.3 | 2.9 |
| **Breoslaí Inlasta (Iomlán)** | 12.8 | -1.8 | -0.1 | -4.0 | 6.1 | 7.2 | 840 | 825 | 53.6 | 55.6 |
| **Leictreachas** | 167.0 | -11.8 | -1.0 | -1.2 | 3.4 | 5.3 | 728 | 642 | 46.4 | 43.2 |
| **Iomlán** | 52.7 | -5.4 | -0.4 | -2.7 | 5.0 | 6.4 | 1,569 | 1,484 | 100.0 | 100.0 |
| **Iomlán Ceartaithe de réir Aimsire** | 43.0 | -8.2 | -0.7 | -1.1 | 5.9 | 5.2 | 1,597 | 1,466 | - | - |

**Tábla 7:** Rátaí fáis, cáinníochtaí agus sciar ídithe deiridh san earnáil tráchtála agus poiblí

**Foinse:** SEAI Nollag 2019

| Fuinneamh Tráchtála/Poiblí de réir Fostaithe | Fás Ginearálta % | Fás Bliantúil Meánach (%) | | | | Cáinníocht (kWh) | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2005 - 2018 | 2005 - 2018 | 2010 - 2015 | 2015 - 2018 | 2018 | 2005 | 2018 |
| Iomlán kWh/fostaí | -22.9 | -2.0 | -4.1 | 1.9 | 3.0 | 13,020 | 10,040 |
| Breosla kWh/fostaí | -18.3 | -1.5 | -5.2 | 3.1 | 3.9 | 6,980 | 5,699 |
| Leictreachas kWh/fostaí | -28.1 | -2.5 | -2.6 | 0.3 | 1.9 | 6,040 | 4,341 |
| **Fuinneamh Tráchtála/Poiblí de réir Fostaithe (Ceartaithe de réir Aimsire)** | **2005 - 2018** | **2005 - 2018** | **2010 - 2015** | **2015 - 2018** | **2018** | **2005** | **2018** |
| Iomlán kWh/fostaí (cc) | -25.2 | -2.2 | -2.5 | 2.7 | 1.8 | 13,248 | 9,914 |
| Breosla kWh/fostaí (cc) | -21.9 | -1.9 | -3.0 | 4.4 | 2.1 | 7,163 | 5,596 |
| Leictreachas kWh/fostaí (cc) | -29.0 | -2.6 | -1.9 | 0.7 | 1.4 | 6,085 | 4,318 |


**Tábla 8:** Rátaí fáis agus cáinníochtaí ídithe fuinnimh aonaid in aghaidh an fhostaithe don Earnáil Tráchtála agus Poiblí

**Foinse:** SEAI Nollag 2019

| CO2 Earnála Tráchtála/ Poiblí | Fás Ginearálta % | Fás Bliantúil Meánach (%) | | | | Cáinníocht (kt CO) | | Sciar (%) | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2005 - 2018 | 2005 - 2018 | 2010 - 2015 | 2015 - 2018 | 2018 | 2005 | 2018 | 2005 | 2018 |
| Breoslaí Indóite | -13.6 | -1.1 | -4.9 | 5.5 | 7.5 | 2,385 | 2,060 | 30.7 | 42.4 |
| Leictreachas | -48.0 | -4.9 | -3.6 | -3.9 | -10.4 | 5,379 | 2,800 | 69.3 | 57.6 |
| **Iomlán** | **-37.4** | **-3.5** | **-4.1** | **-0.3** | **-3.6** | **7,764** | **4,860** | **100.0** | **100.0** |

**Tábla 9:** Rátaí fáis, cáinníochtaí agus sciar astuithe CO2 san earnáil Tráchtála agus Poiblí

**Foinse:** SEAI Nollag 2019




**Figiúr 165. Rátáil BER neamh-bhaile de réir tréimhse tógála**

**Foinse:** CSO curtha le chéile ó Bhunachad Sonraí SEAI BER

Tá réimse tacaíochtaí tacaíochtaí státchiste ar fáil chun uasghrádú foirgnimh san earnáil tráchtála agus poiblí a spreagadh. Leis sin, tugann an Scéim Oibleagáide um Éifeachtacht Fhuinnimh spreagadh maoinithe ag an margadh i gcomhair aisfheistithe. Bhí líon teoranta (measta timpeall 3% d'fhoirgnimh san earnáil tráchtála agus poiblí) uasghrádaithe go dtí seo ag úsáid na scéimeanna tacaíochta sin. Meastar go bhfuil leibhéal aisfheistithe i bhfad níos airde. D'ainneoin sin, níl bailiúchán sonraí cruinn ar leibhéal an aisfheistithe simplí.

## 3.4 Foirgnimh Traidisiúnta

De ghnáth sonraítear foirgnimh traidisiúnta mar iad sin atá tógtha le ballaí soladacha saoirseachta, fuinneoga aonghloinithe agus díonta le fráma adhmaid. Bhí an cineál seo tógála in úsáid de ghnáth i bhfoirgnimh tógtha in Éirinn roimh 1940. Tá cosaint reachtúil ag go leor de na foirgnimh sin. Faoi láthair tá os cionn 45,000 struchtúr cosanta (an chuid is mó acu in úsáid) cé go mbíonn go leor foirgnimh stairiúla lonnaithe laistigh limistéir caomhnaithe ailtireachta. D'ainneoin sin, níl cosaint reachtúil ag an gcuid is mó foirgnimh traidisiúnta.

Bíonn foirgnimh traidisiúnta sna earnálacha cónaithe, tráchtála agus poiblí. Bunaithe ar an nDaonáireamh 2016, meastar go bhfuil timpeall 18% d'áitribh sa chatagóir tógtha go traidisiúnta. Go ginearálta tógadh na foirgnimh sin le hábhair tréscaoilteach le gal agus níl baic ann amhail cúrsaí le díon in aghaidh tais, baic gaile agus scannáin agus ábhair cosúla nach nglactar leo mar chaighdeánach i dtógáil nua-aoiseach. Dá bharr sin, tagraítear go minic don fhabraic tógála traidisiúnta mar thógáil 'inanálaithe', a shúann isteach agus a cheadaíonn galú taise chomh maith. Dá bhrí sin, níl cur chuige áirithe inslithe fhuinneamh oiriúnach toisc go gcuirfeadh siad damáiste ar na struchtúir agus droch-thionchar ar an timpeallacht maireachtála inmheánach agus sláinte na gcónaitheoirí.

Tá an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus na Gaeltachta i gceannas ar fhorbairt treoraíochta aisfheistithe i gcomhair foirgnimh tógtha go traidisiúnta. Áirítear le geallshealbhóirí tábhachtacha eile an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, an Roinn Cumarsáide, um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaoil agus Údarás Fuinnimh Inathnuaite na hÉireann.

# 4 Baic

Is dúshlán suntasach d'Éire é an scála uaillmhiain aisfheistithe. Léirítear é sin ag an leibhéal aisfheistithe déanta go dtí seo ar an earnáil tithíochta. Bhí meastachán 23,000 teach[10]athnuaite in Éirinn in 2019 (le tacaíocht an Stáit trí scéimeanna SEAI), agus bhí timpeall 1,500 acu athnuaite go leibhéal BER B2 nó níos fearr. Chun cloí leis an aidhm 500,000 teastaíonn meán 50,000 teach le bheith athnuaite chuig an gcaighdeán seo gach bliain go dtí 2030.

Chun an méadú sin a chumasú, tá Rialtas na hÉireann tar éis:

1. Faomhadh a thabhairt don Phlean Forbartha Náisiúnta a dhéanann leithdháileadh ar mhaoiniú €4.5 billiún chun tacú le feabhsuithe éifeachtachta fuinnimh thar an earnála tithíochta agus poiblí;
2. Tiomantas chun praghas an charbóin a ardú go €100 an tonna roimh 2030 i gClár an Rialtais;
3. Fórsa Taisc Aisfheistithe a bhunú chun díriú ar athchóiriú tithíochta; agus
4. Ardleibhéal uaillmhiain agus ceannaireachta a shocrú, measta don Earnáil Poiblí.

Tá go leor dúshláin ag Éirinn chun astuithe a laghdú ónár bhfoirgnimh. Úsáideann ár dtithe 7% níos mó fuinnimh ná meán an AE[11]. Tá ár bhfoirgnimh 70% ag brath ar bhreoslaí iontaise, lena n-áirítear coirí ola; tá leibhéal BER C nó níos measa ag 80% dár dtithe agus foirgnimh eile. Tá gníomhaíocht aisfheistithe reatha don stoc reatha réasúnta íseal.

Chun targaid aisfheistithe nua a bhaint amach, teastaíonn anailís ar na ceisteanna agus baic, agus freagraí cuí a fhorbairt chun dul i ngleic leis na baic sin. Bainfidh sé freisin le méadú suntasach ar iarracht, acmhainn agus infheistíocht.

Is féidir na príomh-bhaic a chur i ngrúpa timpeall trí théama. Is iad sin:

- Goile
- Inacmhainneacht, agus
- Inrochtaineacht.

Tá measúnú ar na baic, de réir leagtha amach thíos, struchtúrtha timpeall na téamaí sin.

[10]Foinse SEAI

[11]SEAI Fuinneamh san Earnáil Tithíochta 2018.

## 4.1 Goile

Is gá mealltacht agus fonn aisfheistithe a mhéadú. Go dtí, agus má dhéanann úinéirí tithe agus cinntitheoirí sna earnálacha tráchtála agus poiblí cinneadh chun na céimeanna aisfheistithe a ghlacadh - beidh sé deacair, mura bhfuil sé do-dhéanta, an méadú mór millteach sin a bhaint amach in athchóirithe a theastaíonn uainn. Téann an bac anseo níos faide ná feasacht, baineann sé le spreagadh. Is gá go mbeidh na freagraí ag baint le fócas ar chuma níos fearr a chur ar an bpróiseas aisfheistithe ionas go mbeidh sé roghnaithe. Ciallaíonn sin buntáistí a thaispeáint, mar aon leis na leasanna ar fad a eascraíonn ó aisfheistiú, forbairt a dhéanamh ar theachtaireachtaí éifeachtacha agus margaíocht chomh maith le fachtóirí brú.

Tá na baic a leanas coitianta thar na earnálacha tithíochta, tráchtála agus poiblí:

- I go leor cásanna, ní bhainfidh an cinntitheoir (m.s. Tiarna talún) go leor leasa as an aisfheistiú (m.s. Beidh compord níos mó ag an tionónta agus billí níos ísle). Seo an fhadhb leis an ndreasacht roinnte agus is bac tábhachtach é sin.
- Is minic a bhíonn deiseanna chun tionchar a imirt ar chinntí athnuaite bainteach le sprioc ama. Imríonn cúinsí pearsanta na ndaoine glacacht don teachtaireacht athnuaite agus bíonn an mealltacht difriúil ag brath ar an staid ina bhfuil na cinntitheoirí.
- Fiú nuair a smaoiníonn daoine ar athchóiriú, de ghnáth níl sé in áit tosaíochta dóibh agus ní tharlóidh sé mura bhfuil buntáistí agus mealladh leis chun go mbeidh sé “díolta” níos éifeachtaí.
- Is féidir le easpa muiníne a bheith ar na aschuir geallta, nó go mbeidh siad seachadta de réir mar a bhí siad geallta.
- Uaireanta níl costais ar fhuinneamh chomh feiceálach nó suntasach do dhaoine áirithe - só ní chuirtear laghdú ar úsáid fuinnimh in áit tosaíochta.
- Is minic a bhíonn an status quo é an cur chuige réamhshocraithe mura mbíonn brú ann amhail rialachán chun gníomhú ar bhealach nua.

Tá na baic a leanas níos coitianta san earnáil tithíochta:

- Easpa feasachta ar aisfheistiú agus cad is ciall leis do na tithe.
- Tréimhsí aisíoctha fada agus costais arda chun tosaigh.
- An leibhéal míchompoird agus “straein” bainteach leis an eispéireas lena n-áirítear:
    - Conraitheoirí a chomhordú

    - Cur isteach sa bhaile
    - Páipéarachas bainteach le cur isteach i gcomhair maoinithe

Tá na baic a leanas coitianta thar na earnálacha tráchtála agus poiblí:

- Is baic tábhachtacha iad easpa saineolais, acmhainní, am agus faisnéis ó éifeachtacht fhuinnimh feabhsaithe a bhaint amach agus athchóiriú san earnáil tráchtála.
- Mura bhfuil riachtanas ann chun gníomhú, beidh an béim ar phríomh-chuspóirí gnó, agus i go leor cás, ní áirítear athchóiriú leo.
- Gan tiomantas ón bhainistíocht shinsearach, níl sé chomh dóchúil go dtarlóidh éifeachtacht fhuinnimh feabhsaithe agus aisfheistiú.

## 4.2 Inacmhainneacht

Ní féidir le athchóiriú tarlú ar an scála a theastaíonn mura bhfuiltear ag dul i ngleic le acmhainneacht. Ní thagann acmhainneacht mar bhac go dtí go mbíonn goile ann. Dóibh sin a d'fhorbair goile, beidh roghanna inacmhainne ag teastáil. Is gá meicníochtaí a fhorbairt chun a cheadú do chinntitheoirí - na úinéirí tithe, tiarnaí talún nó gnónna chun athchóiriú a fháil ar bhealach inacmhainne. Is dócha go mbainfidh cúnamh airgeadais leis sin, i bhfoirm deontais nó tacaíochtaí - go háirithe d'úinéirí tithe - agus teastóidh na freagraí cearta a fhorbairt a chloíonn le cúinsí inacmhainneachta na ndaoine nó eagraíochtaí a bhaineann leis.

Tá an bac a leanas coitianta thar na earnálacha tithíochta, tráchtála agus poiblí:

- Is féidir le athchóirithe a bheith costasach - uaireanta ró-chostasach le bheith ina rogha do go leor daoine.

Tá na baic a leanas níos coitianta san earnáil tithíochta:

- Is bac tábhachtach é inacmhainneacht i ngeall ar na costais arda chun tús a chur leis
- Easpa maoinithe agus iasachtaí ag rátaí úis suimiúla nó le costais aisíocaíochta míosúla íseal go leor.
- Is féidir le páipéarachas a bhaineann le deontais a bheith ina bhac.

Tá na baic a leanas níos coitianta thar na earnálacha tráchtála agus poiblí:

- Níl acmhainní ag go leor gnónna, chomh maith le saineolas, chun infheistíocht a dhéanamh in éifeachtacht fhuinnimh nó aisfheistiú.

- Go dtí seo, ní raibh ach suim measartha agus méadú Conraidh Feidhmíochta Fuinnimh (EPC)

## 4.3 Inrochtaineacht

Baineann inrochtaineacht nach amháin le athchóiriú a dhéanamh indéanta, ach éasca freisin, do chinntitheoirí. Clúdaíonn sin infhaighteacht na bhfreagraí cearta - cur chuige éifeachtach ar an tionscadal ag seachadadh torthaí inmhianta ag an gcáilíocht cheart. Baineann sé le cinntiú go bhfuil scileanna ag na daoine cearta chun an obair a dhéanamh ar na caighdeáin cearta. Ciallaíonn sin freisin an tionscadal nó an t-aistear a dhéanamh chomh héasca do chinntitheoirí agus is féidir - beidh ról maidir leis sin ag siopaí aon stop.

Tá na baic a leanas coitianta thar na earnálacha tithíochta, tráchtála agus poiblí:

- Breathnaítear ar thionscadail mar chasta nó suaiteach.
- Níl go leor daoine le scileanna nó muinín nó comhlachtaí cuí chun an obair a dhéanamh ar an gcaighdeán inmhianta.
- Gan treoraíocht agus caighdeáin, ní bheidh na torthaí cáilíochta inmhianta seachadta agus cuirfear bac ar a thuilleadh feabhsaithe.

Tá na baic a leanas níos coitianta san earnáil tithíochta:

- Castacht an phróisis aisfheistithe;
- Easpa comhairle neamhspleách;
- Easpa muiníne i gconraitheoirí;
- Easpa muiníne i ndiaidh oibreacha ar bhailíocht na mbarántas tugtha ag conraitheoirí.

Tá na baic a leanas níos coitianta thar na earnálacha tráchtála agus poiblí:

- Mura mbrúitear chuige sin, ní chuirfeadh an chuid is mó gnónna aisfheistiú in áit tosaíochta.
- Drogall chun dul i mbun athnuaite (ag baint le caiteachas iarrachta agus acmhainní) gan chur chuige éifeachtach le feiceáil go soiléir.

# 5 Cur Chuige Cost-Éifeachtach ar Athchóiriú

Is tábhachtach go ndéantar cur chuige úsáidte i gcomhair athchóirithe ar bhealach cost-éifeachtach.

Mar shampla, nuair a dhéantar obair athnuaite san am céanna le hobair eile (m.s. Le linn oibreacha uasghrádaithe móra a dhéanamh), is féidir éifeachtacht a sheachadadh i ngeall ar eacnamaíocht scála, le laghdú ar an méid suaite freisin. Is féidir feabhas a chur le cost-éifeachtacht freisin má dhéantar níos mó oibreacha ag an am céanna le aisfheistiú ar bhealach incriminteach nó píosa ar phíosa. Cé gur féidir tacú agus éascú a dhéanamh ar aisfheistiú de réir a chéile, teastaíonn cur chuige nua chun pacáistí bearta a mhealladh nó níos mó aisfheistithe substainteach pé am is féidir toisc go n-uasmhéadaíonn sin an sábháil fuinnimh, laghdaíonn sé suaitheadh agus optamaíonn sé cost-éifeachtacht.

Cuirtear cost-éifeachtacht san áireamh i dtuarascáil comhairleach BER toisc go dtugann sé breac-chuntas ar na cur chuige difriúla ar an maoin agus a gcostais coibhéiseacha. Déanann sé cumarsáid don chinntitheoir maidir le conas is féidir cost-éifeachtacht a fheabhsú ag baint úsáide as tacaíocht mhaoinithe i gcomhair cuid de na bearta.

Is féidir cost-éifeachtacht a fheabhsú freisin le comhbhailiúchán agus is príomh-chomhpháirt é sin leis an gcur chuige athnuaite ag scála a spreagfaidh an Fórsa taisc Aisfheistithe. Tá ballraíocht tras-Roinne agus gníomhaireachta ag an bhFórsa Taisc Aisfheistithe agus bunaíodh é chun maoirseacht a thabhairt ar dhearadh agus forbairt samhlach seachadta aisfheistithe nua le fócas ar leith ar an earnáil tithíochta.

Leagann na fo-chodanna thíos amach réimse cur chuige a bhíonn in úsáid nó glactha san áireamh chun feabhas a chur ar chost-éifeachtacht.

## 5.1 Pointí Truiceair a Aithint

Léiríonn taighde déanta don Fhórsa Taisc Aisfheistithe gur féidir le "pointí truiceair" áirithe dóchúlacht níos mó a chur ar chohórt an tomhaltóra aisfheistithe a dhéanamh. Áirítear le pointí truiceair

- Athchóirithe an tí agus oibre:
    - Athchóirithe móra a spreagann Rialacháin Tógála
    - Athchóirithe eile an tí nach dteastaíonn cead pleanála uathu, ach bíonn conraitheoirí sa theach ar aon nós chun comhairle a thabhairt agus obair a dhéanamh
    - Fabht ar an gcóras teasa

- Ceannacháin tithe le teastas BER ag tabhairt faisnéise don úinéir tigh maidir le feidhmíocht fhuinnimh:
  - Ceannacháin bogtha (uasghráduithe agus íosghráduithe araon)
  - Ceannach le cur ar cíos
  - Ceannaithe chéad uair
- Príomh-ócáidí saoil:
  - Tithe le leanaí nua
  - Fadhbanna sláinte
  - Críochnú ar aisíocaíochtaí mhorgáiste
  - Incháilitheacht do scéimeanna aisfheistithe bhochtanas fuinnimh.

Rialacháin tógála a bhaineann le oibreacha móra ar fhoirgnimh reatha a úsáidtear chun a chinntiú, nuair atá athchóiriú substainteach ar siúil ar fhoirgneamh reatha, go bhfuil riachtanais fuinnimh i gceist. Iarrann rialacháin tógála, i bhfeidhm cheana, go gcuirtear feabhas ar éifeachtacht fhuinnimh na maoine ar fad nuair atá athchóirithe móra[12]ar siúil. Aithníodh an feabhas a theastaíonn[13]ar an Tuarascáil Cost-Optamach[14].

## 5.2 Measúnú ar Fheidhmíocht Fhuinnimh

Rinne an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil measúnú ar ríomhaireachtaí cost-optamacha agus anailís bhearna d'fhoirgnimh tithíochta[15] agus neamh-thithíochta[16].

Déanann an tuarascáil cur síos ar ríomhaireachtaí cost-optamacha agus anailís bhearna d'fhoirgnimh i gcomhréir le Airteagal 5 *na Treorach 2010/31/AE le Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle 19 Bealtaine 2010 ar fheidhmíocht fhuinnimh na bhfoirgneamh (ateilgean).* Forbraíodh an tuarascáil i gcomhréir le *Rialachán Tairmligthe an Choimisiúin (AE) Uimh 244/2012 an 16 Eanáir 2012 ag forlíonadh Treorach 2010/31/AE Pharlaiminte na hEorpa agus an Chomhairle ar fheidhmíocht fhuinnimh na bhfoirgneamh* (a dtagraítear dó

---

[12]Ciallaíonn "athchóirithe móra" athchóiriú ar fhoirgneamh ina bhfuil níos mó ná 25% de dhromchla an fhoirgnimh faoi réir athnuaite.

[13]125kWh/m2/bliain, ina bhfuil, go teicniúil, indéanta ó thaobh feidhme agus eacnamaíocht

[14] Tuarascáil cost-optamach

[15] https://www.housing.gov.ie/sites/default/files/publications/files/200407_irish_2019_non-domestic_cost_optimal_report_revised_.pdf

[16]https://www.housing.gov.ie/sites/default/files/publications/files/200407_irish_2018_residential_cost_optimal_report_revised_0.pdf

anseo mar Rialachán Cost-Optamach) agus na *Treoirlínte i dteannta le Rialachán Tairmligthe an Choimisiúin (AE) Uimh 244/2012 16 Eanáir 2012.*

Don tuarascáil neamh-thithíochta 2019 bhí an leibhéal cost-optamach curtha i gcomparáid le 2017 Chuid L le riachtanais feidhmíochta Rialacháin Tógála. Cuireann an rialachán seo tús áite do riachtanais feidhmíochta Tógála Fuinnimh a Náid agus forálacha um Athchóirithe Móra i Rialacháin Tógála na hÉireann i gcomhair foirgnimh nach áitribh iad.

Cuireann tuarascáil cost-optamach 2018 leibhéal cost-optamach i gcomparáid leis na riachtanais feidhmíochta NZEB curtha i bhfeidhm in 2019. Cuireann na rialacháin sin riachtanais feidhmíochta Tógála Fuinnimh Beagnach a Náid agus forálacha um Athchóirithe Móra i bhfeidhm ar leibhéal cost-optamach i Rialacháin Tógála na hÉireann um Áitribh.

Is ionann leibhéal cost-optamach feidhmíochta agus leibhéal feidhmíochta fuinnimh a eascraíonn sa chostas is ísle le linn saolré eacnamaíoch measta ina féidir teacht ar an gcostas is ísle deimhnithe ag glacadh san áireamh costais infheistíochta bainteach le fuinneamh, costais cothabhála agus oibriúcháin. Déanfar athbhreithniú ar na ríomhaireachtaí cost-optamacha gach 5 bhliana agus athbhreithniú ar na rialacháin má théann leibhéil feidhmíochta ró-fhada ón cost-optamach. Ceadaíonn an measúnú rialta seo athbhreithniú ar fheidmíocht fhuinnimh íosmhéid d’fhoirgnimh i ngeall ar dul chun cinn teicniúil.

Tá riachtanais feidhmíocht i rialacháin foirgnimh socraithe ag leibhéil cost-optamacha a chinntíonn go bhfaightear an fheidhmíocht fhuinnimh is fearr don saolré is ísle ag glacadh san áireamh costas caipitil agus costais oibriúcháin. Rinneadh na ríomhaireachtaí sin chun measúnú a thabhairt ar riachtanais feidhmíochta in 2013 agus arís in M.F. 2018.

Is féidir réimse freagraí a úsáid chun teacht ar na riachtanais feidhmíochta sin. Riachtanais ardfheidhmíochta sna rialacháin reatha in éineacht le riachtanas inathnuaite riachtanach, a chruthaíonn aistriú gasta go córais íseal carbóin in áitribh nua.

Tá rogha ag tógálaithe agus úinéirí tithe ar chinnteoireacht maidir le cén chóras fuinnimh a oireann dá gcuid riachtanais níos fearr.

Déanann riachtanais NZEB é níos inmhianta do thógálaithe agus úinéirí tithe teicneolaíochtaí inathnuaite a chorprú níos mó agus bogadh amach ó úsáidí traidisiúnta bhreoslaí iontaise. Léiríonn sonraí anailíse Oifige Staidrimh Lárnaigh ar Rátáil Fuinnimh Tógála an t-aistriú sin amach ó bhreoslaí iontaise; thit suiteáil coirí ola ó 36% go 4% in áitribh nua, agus córais leictreacha (go háirithe caidéil téamhaithe)a chomhdhéanann 44% de chórais téamhaithe in áitribh nua leis an gcéatadán sin a fhásann go seasmhach gach bliain.

Meastar go gciallaíonn na feabhsuithe carnacha ar rialacháin go dteastaíonn 90% níos lú fuinnimh ó áitreabh tógtha do rialacháin Chuid L 2011 ná an coibhéiseach tógtha in 1978 chun na caighdeáin céanna téamhaithe, uisce te agus solais a sheachadadh. Léiríonn sin an dul chun cinn suntasach déanta cheana féin sna caighdeáin d'fhoirgnimh nua.

## 5.3 Tionchar ar Chinnteoireacht

Bunaíodh an tAonad Eacnamaíochta Iompair SEAI in 2017 chun díriú ar athruithe intomhaiste a spreagadh d'úinéirí tithe agus iompair fuinnimh gnó, ag úsáid na fianaise is déanaín ó Eolaíocht Iompraíochta agus Eacnamaíocht. Cuidíonn próiseáil an aonaid ar atriall gasta chun straitéisí athraithe iompair le tionchar mór a dhearadh. Ansin is féidir le straitéisí rathúla a bheith scálaithe agus corpraithe i scéimeanna náisiúnta.

## 5.4 Córas Rátála Fhuinnimh Tógála

Bealach amháin chun díriú ar dheiseanna athnuaite ná iad a chur ar fáil le moltaí d'athchóirithe - bearta praicticiúla ar féidir a ghlacadh agus costais gaolmhara ar bhealach inrochtana. Leis sin ar intinn agat, tá SEAI ag obair le geallshealbhóirí tábhachtacha, d'fhorbair sé tuarascáil Comhairleach BER feabhsaithe le bheith curtha i bhfeidhm in 2020. Tugtar na tuarascálacha sin nuair a fhaightear Teastas Fhuinneamh Tógála nua - nuair a chuirtear maoin ar fáil le díol. Dá bharr, is féidir leis a bheith ina chatailíoch i gcomhair gníomhartha ag príomh-phointí trucair áirithe. Áirítear le tacaíochtaí bhreise forbairt SEAI ar ról comhairleora teicniúil do scéimeanna dheontas baile chun cuidiú le úinéirí tithe le teicneolaíochtaí amhail caidéil teasa.

## 5.5 Rannpháirtíocht Gheallshealbhóirí

Chun cuidiú tuiscint níos fearr a bhaint as na ceisteanna atá ag gnónna, go háirithe gnónna níos lú, rinne DCCAE cleachta rannpháirtíochta geallshealbhóirí, a raibh torthaí foilsithe in 2018[17]. Dheimhnigh na freagraí nach raibh go leor ama ag gnónna - bhí uathu díriú go príomha ar a gcuid seirbhíse a sheachadadh nó a dtáirgí a dhéanamh agus ní raibh go leor suime ann in athchóiriú. Ó shin de bharr na éiginnteachtaí breise a d'eascraigh ó ullmhú do Bhreaitimeacht, agus níos déanaí tionchair Covid-19, ciallaíonn sin gur dúshlán é idirbheartú le níos mó gnónna chun machnamh níos fearr a dhéanamh agus freagairt d'aidhmeanna athchóirithe.

[17] https://www.dccae.gov.ie/en-ie/energy/publications/Pages/Report-on-the-Findings-from-the-DCCAE-Commercial-Sector-Survey-Consultation0328-5224.aspx

Ceacht tábhachtach ón gcleachta rannpháirtíochta geallshealbhóirí ná go raibh suim ag gnó go príomha i réitigh teicneolaíochta agus infheistíochtaí le tréimhsí aisíoctha gearra. De ghnáth bíonn gnónna agus cinntí infheistíochta i bhfábhar infheistíochtaí do thionscadail le sprioc ama réasúnta gearr trí bhliana nó níos lú. Chomh maith leis, tabharfaidh gnónna le rochtain teoranta ar chaipitil measúnú freisin ar an gcostas dheis caipitil infheistithe in éifeachtacht fhuinnimh in aghaidh infheistíochta ina bpríomh-ghnó ar féidir leis torthaí níos inmhianta a ofráil ná tionscadal éifeachtachta fhuinnimh in iomaíocht leis.

Ag aithint na réaltachtaí sin, dhírigh iarrachtaí ar thionscnaíochtaí leis an acmhainneacht is mó chun dul níos gasta le gnó agus éifeachtacht fhuinnimh feabhsaithe a sheachadadh agus aschuir laghdaithe astuithe agus an acmhainneacht chun athchóiriú a thiomáint san earnáil.

Tugann rannpháirtíocht geallshealbhóirí faisnéis freisin do na cur chuige á dtreorú ag an bhFórsa Taisc Aisfheistithe.

## 5.6 Comhairle Sábhála Fuinnimh

D'fhorbair an SEAI sraith modúil oiliúna ar líne i gcomhair úsáide ghinearálta agus do SMEs chun cuidiú leo deiseanna éifeachtachta fhuinnimh a aithint agus a thapú lena n-áirítear athchóiriú. Aitheanta mar *Acadamh Fuinnimh SEAI*[18], tá cúrsaí gearra á gcur ar fáil i modúil ar go leor gnéithe fuinnimh, éifeachtachta, agus inathnuaite, lena n-áirítear:

- Fuinneamh agus Athrú Aeráide
- Gnó agus Éifeachtacht Fhuinnimh
- Éifeachtacht Fhuinnimh san Oifig
- An Dúshlán Fuinnimh sa Bhaile
- Athrú Iompraíochta
- Éifeachtacht Shoilsithe - Dearadh Bunúsach agus Casta

Beidh modúil eile forbartha agus curtha leis agus is féidir rochtain a fháil orthu ag: www.seaienergyacademy.ie.

Ní ardtosaíocht é athchóiriú do go leor gnónna, ach is féidir le nascadh athchóirithe le tosaíochtaí atá acu, amhail fuinneamh inathnuaite, nó aitheantais glasa, cuidiú chun gníomhaíocht athchóiriú fuinnimh a thiomáint.

[18] https://www.seaienergyacademy.ie/users/sign_in?next=%2Fdashboard

## 5.7 Samhail Seachadta Nua

Is clár oibre casta é seachadadh ar ár dtargaid aisfheistithe náisiúnta le réimse leathan idirnasctha agus idirspleáchais. Teastaíonn cur chuige a bhaineann leis an Rialtas ar fad i ndáiríre le comhoibríocht éifeachtach chun an clár a sheachadadh. Tá ballraíocht tras-Roinne agus gníomhaireachta ag an bhFórsa Taisc Aisfheistithe agus bunaíodh é chun maoirseacht a thabhairt ar dhearadh agus forbairt samhlach seachadta aisfheistithe nua don earnáil tithíochta.

Tá an Fórsa Taisc ag déanamh measúnaithe ar na cur chuige féideartha thar an 4 dhiminsean/bunchloch a dhéanfaidh croí na freagra aisfheistithe:

(i) Tairiscintí custaiméara/úinéir tithe chun feabhas a chur ar fheasacht agus éileamh a thiomáint

- Gréasán siopaí aon staid a sheachadaíonn aistir simplí custaiméirí agus comhordú le conraitheoirí agus soláthraithe maoinithe chomh maith le deacracht a laghdú;
- Feachtais margaíochta onnghníomhacha dírithe ar ghrúpaí aitheanta;
- Rialachán cuí.

(ii) Samhlacha maoinithe/deontais do gach grúpa custaiméirí/cohórt chun déileáil le tréimhsí aisíoctha agus cumas chun costais tosaigh a íocadh.

- Maoiniú ón státchiste lena n-áirítear scéimeanna deontais nua agus fairsingthe;
- Deiseanna i gcomhair maoinithe príobháidigh;
- Spreagthaí cánach féideartha.

(iii) Scálú suas soláthraithe agus conraíocht

- Muinín a thiomáint i dtarraingt fadtréimhseach an mhargaidh aisfheistithe;
- Comhleanúnachas agus muinín in ofrálacha siopaí aon stad trí chaighdeáin soiléire agus bunaíocht oibleagáidí conraitheacha;
- Athruithe don phrintíseacht reatha agus cláir oideachais agus tionscnaíochtaí eile chun feabhas a chur le scileanna an fhórsa oibre reatha agus iontrálaithe nua a thabhairt isteach;
- Comhbhailiúchán agus caighdeánú brúite;
- Nuálaíocht a spreagadh.

(iv) Rialachas agus treochlár an chláir

- Eintiteas cuí le freagracht as tiomáint chun gur féidir ár dtargaid aisfheistithe náisiúnta a bhaint amach;
- Monatóireacht ar fheidhmíocht agus meicníochtaí measúnaithe bunaithe.

## 5.8 Maoiniú agus Deontais

Tá réimse tacaíochtaí an Rialtais agus scéimeanna deontais i bhfeidhm. Téann siad sin trí phróiseas athbhreithnithe agus athdheartha chun ailíniú a chinntiú le aidhmeanna an Rialtais agus luach ar airgead.

Tá réimse cur chuige freisin atá faoi mhachnamh lena n-áirítear:

- Roghanna a aithint i gcomhair maoinithe dírithe d'aisfheistithe éifeachtachta fuinnimh san earnáil baile agus tráchtála.
- Breathnú (trí phíolótaí) ar úsáid scéimeanna spreagtha tuarastail chun mealladh, éascú agus tacú do dhaoine chun a dtithe a aisfheistiú.
- Breathnú ar úsáid féideartha as spreagthaí cánach chun éileamh ar fheabhsuithe ar éifeachtacht fhuinnimh sa bhaile a spreagadh.
- Maoiniú saincheaptha níos éasca le rochtain a thabhairt i gcomhair infheistíochta ar éifeachtacht fhuinnimh a úsáideann más cuí scéim iasachta Maoinithe Cliste d'Fhoirgnimh Beaga an Choimisiúin Eorpaigh.
- Measúnú ar na roghanna bainteach le morgáistí glasa.

## 5.9 Tionscnaimh Aisfheistithe a Chur chun Cinn

Glactar leis go bhfuil margaíocht éifeachtach ar aisfheistiú tábhachtach. Léirigh an innéacs sábhálacha ón Institiúid Taighde Sóisialta (ESRI) gur úsáideann 54% de thomhaltóirí faoin suirbhé airgead sa bhreis chun fiach a íoc, lena n-áirítear morgáiste. Is féidir go bhfuil sin go páirteach i ngeall ar na buntáistí ar an aisfheistiú nach dtuigtear mar is cuí. Cuireann sin béim ar an tábhacht a bhaineann le margaíocht éifeachtach do na buntáistí le réitigh aisfheistithe.

Is tábhachtach freisin muinín a thógáil. Ní dóchúil go mbeidh daoine ag iarraidh dul isteach i dtionscnaimh aisfheistithe a bhfuil suaitheadh agus costais arda ag baint leo, mura bhfuil cinntitheoir sásta go mbeidh na aschurtha seachadta in am agus ar an gcaighdeán cuí.

Tá eagraíochtaí pobail agus bunaithe go háitiúil tábhachtach chun muinín a thógáil i measc tomhaltóirí. Aithnítear an luach a bhaineann leis na eagraíochtaí bunaithe go háitiúil agus comhdhéanamh cúraim leis an gcur chuige aisfheistithe in Éirinn. Tá SEAI ag obair go dlúth i seachadadh Scéime Pobail Fhuinnimh Níos Fearr agus rannpháirtíocht an phobail mar phríomh-eilimint le tionscnaíochtaí sa todhchaí. Bhí bunaíocht os cionn 250 Pobail Fhuinneamh Inbhuanaithe rathúil go mór ag spreagadh achtóirí áitiúla chun oibriú le chéile. Faigheann sé tacaíocht ó mheantóirí SEAI agus deontais do Phlean Fuinnimh Áitiúil. Bhí siad in ann athruithe uaillmhianta go leor thar go leor áiteanna i gcomhoibríocht leis na

soláthraithe fuinnimh a bhfuil oibleagáid orthu faoi bhun na Scéime Oibleagáide d'Éifeachtacht Fhuinnimh.

Tá deis iontach mór ann chun tógáil ar an samhail seo agus oibriú laistigh Oifigigh Aeráide nua in Údaráis Áitiúla chun gréasáin dá leithéid sin a bhogadh ar aghaidh chun 1,500 a bhaint amach. Is é an aidhm ná iarracht comhdhlúite a fhorbairt chun pobail áitiúla a dhéanamh níos coinsiasach maidir le teicneolaíochtaí bocht ar charbóin agus conas iad a réitiú. Is féidir le úsáid níos leithne as BER ag ceantálaithe, Údaráis Áitiúla agus imreoirí tionchair eile agus cur chun cinn níos leithne iniúchtaí cuidiú tacaíocht a thabhairt do spreagadh an phobail.

Is féidir le cur chuige bunaithe ar limistéar, scálaithe é a dhéanamh níos éasca chun faisnéis agus idirbheartaíocht a dhéanamh leis na cinntitheoirí a bhfuiltear dírithe orthu, ag tógáil ar struchtúir pobail agus cláir reatha. Is féidir leo freisin muinín a thógáil ar slabhraí soláthair, a dteastaíonn uathu infheistíocht a dhéanamh ar inniúlacht agus acmhainn.

Fachtóir tábhachtach chun muinín a thógáil agus an leibhéal riachtanach méadaithe aisfheistithe ná a chinntiú go ndéantar oibreacha agus seachadtar iad ar na caighdeáin is airde cáilíochta. Dá bharr, tá ráthaíocht ar cháilíocht an-tábhachtach. Ceann de phríomh-róil don chomhpháirt Shiopa Aon Stad leis an Samhail Seachadta Aisfheistithe ná go mbeidh sé freagrach as seachadadh deireadh go deireadh aisfheistithe, lena n-áirítear Dearbhú Cáilíochta ar obair déanta ag soláthraithe seirbhíse.

I ndiaidh a aithint go bhfuil príomh-bhéim gnónna ar a bpríomh-ghníomhaíochtaí agus gur minic a bhíonn sé iontach deacair a n-aird a fháil chun spreagadh a thabhairt dóibh buntáistí aisfheistithe a thabhairt san áireamh, dhírigh SEAI ar iarrachtaí i dtionscnaíochtaí leis an acmhainneacht is mó chun dul chun cinn a dhéanamh le gnónna agus éifeachtacht fhuinnimh feabhsaithe a sheachadadh mar aon le aschuir laghdaithe astuithe agus acmhainneacht chun athchóirithe san earnáil.

## 5.10 Aisfheistiú ar Scála Mór

Tá an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil ag tabhairt maoinithe faoi láthair d'Údaráis Áitiúla ina ghealltanas do chlár uaillmhianta aisfheistithe inslithe ar na tithe sóisialta is lú éifeachtachta fuinnimh. Is aidhm leis an gclár, seolta in 2013, feabhas a chur ar éifeachtacht fhuinnimh d'árasáin údaráis áitiúla agus tithe, chuige sin ag laghdú caillteanais teasa trí fhabraic an fhoirgnimh, chun feabhas a chur ar na leibhéil compoird agus dul i ngleic le fadhbanna bochtanais breoslaí.

Leanann an clár ag cothú agus ag cruthú poist, agus é ag cuidiú go suntasach le targaid laghdaithe astuithe na hÉireann agus targaid laghdaithe fuinnimh do 2020, agus eascraíonn

sé i dtithe níos teo agus billí fuinnimh níos lú do thionóntaí údaráis áitiúla. Thosaigh an Clár in 2013 agus tá sé i mbun feidhmithe céimnigh ar bhonn céimneach. Go dtí seo, bhí oibreacha déanta faoi réir Chuid 1 agus Cuid 2.

- Is aidhm le Cuid 1 na scéime a chinntiú go mbeidh ar a laghad insliú balla agus áiléir ag an stoc iomlán tithíochta sóisialta (300mm). Chuige sin, bhí maoiniú dírithe ar dtús ar an insliú balla cuasach is lú suaite chomh maith le insliú áiléir.
- Díríonn Cuid 2 ar uasghrádú ar fhabraic do na áitribh fágtha sin le tógáil balla bloic agus áirítear leis foráil uasghráduithe teasa agus fuinneoga agus doirse a athchur. Rinne Cuid 2 feidhmiú céimneach do gach údarás áitiúil i Márta 2019. Déanfaidh Údaráis Áitiúil uasghrádú ar a stoc tithíochta faoi réir Chéim 2 an chláir aisfheiste tithíochta sóisialaí chun áitribh a thabhairt go leibhéal cost-optamach nó leibhéal BER B2.

Tá an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil ag obair go dlúth leis an Roinn Cumarsáidí, Gníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaoil, Údaráis Áitiúla Láir na Tíre agus SEAI chun píolóta a fhorbairt i gcomhair uasghráduithe tithíochta sóisialta. Tá leithdháileadh 20 milliún euro (ón bpraghas charbón ardaithe) á sholáthar do na Údaráis Áitiúla Láir na Tíre chun an chuspóra sin. Beidh an maoiniú in úsáid i gcomhair tithíochta sóisialta, feabhas a chur ar chompord agus sochair sláinte na n-áitritheoirí don tithíocht agus spreagadh eacnamaíoch a chruthú don réigiún. Is aidhm leis an scéim freisin spreagadh a thabhairt d'úinéirí tithe príobháidigh sna limistéir atá sa targaid uasghrádaithe tithe.

Léiríonn scoileanna deis shuntasach don aisfheistiú tógála - le buntáiste bhreise infheictheacht i bpobail agus is féidir leo a bheith ina dtáscaire breise féideartha agus luach feasachta a ardú.

Rinneadh foráil airgeadais sa Phlean Forbartha Náisiúnta (NDP) i gcomhair tacaíochta maoinithe don athchóiriú scoileanna curtha san áireamh i gcomhair aisfheistithe. Chun bealach a ullmhú don obair aisfheistithe ar scála mór sin bhí go leor Cláir Comhpháirtíochta Fionnachtaí curtha in áit idir SEAI agus DES, OPW agus HSE. Tá na Cláir sin dírithe ar éifeachtacht fhuinnimh i bhfeabhsuithe aisfheistithe i scoileanna, foirgnimh lárnacha an rialtais agus HSE. Is príomh-aidhm leis an gClár tástáil ar chur chuige, dea-chleachta a thógáil agus acmhainn chun samhail aisfheistithe inscálaithe a thógáil don stoc foirgnimh san earnáil poiblí chun cuidiú le seachadadh ar thargaid fuinnimh an earnála nuair a bhíonn NDP ar fáil.

Chun tacú le infheistíocht chaipitil san earnáil ardoideachais, lena n-áirítear uasghrádú agus aisfheistiú ar fhoirgnimh reatha chun feabhas a chur ar éifeachtacht fhuinnimh agus tacú le

dícharbónú, seoladh Clár nua in 2020 idir SEAI agus an tÚdarás Ardoideachais (HEA) ag díriú ar aisfheistithe éifeachtachta fhuinnimh ar an earnáil oideachais.

## 5.11 Treoraíocht agus Caighdeáin

Is rí-thábhachtach caighdeáin aisfheistithe éifeachtachta fhuinnimh a fhorbairt chun a aisfheistiú cáilíochta a chinntiú agus tagairt a thabhairt do chomhlachtaí oiliúna, gairmithe agus trádálaithe. Áirítear le samplaí:

- An Cód cleachtais chun aisfheistithe éifeachtach fuinnimh ar áitribh[19] foilsithe in 2014 ag Údarás Caighdeáin Náisiúnta na hÉireann chun cloí leis an riachtanas sin. Tá scéimeanna deimhnithe chóras éifeachtach fuinnimh do chórais agus suiteálaithe ann freisin. Áirítear leo sin iad atá ar fáil ag Bord Comhaontuithe na hÉireann, a thugann bealach ailtéarnach dearbhaithe cáilíochta d'oibreacha aisfheistithe éifeachtachta.
- Forbairt na gCaighdeáin Náisiúnta um Dhearadh, Suiteáil agus Coimisiúnú Caidéil Teasa agus fótavoltach.
- Treoraíocht Aisfheistithe d'fhoirgnimh tógtha go traidisiúnta (i bhforbairt)

Cinntíonn rialacháin tógála go mbeidh an tógáil nua ar ardchaighdeán éifeachtachta. Ag aithint báis sa ghoile d'athchóirithe cuimsitheach, tá na rialacháin in úsáid freisin chun athchóirithe a thiomáint d'fhoirgnimh reatha i gcúinsí áirithe. De réir na Treorach um Fheidhmíocht Fhuinnimh na bhFoirgnimh 2018, is gá go mbeidh gach foirgnimh nua (poiblí agus príobháideach) ina bhfoirgnimh Fuinnimh Beagnach a Náid (NZEB) roimh 2020. Cuireann sé riachtanas i bhfeidhm freisin go mbeidh gach foirgnimh atá faoi úinéireacht agus áitreabh údaráis poiblí in Éirinn NZEB i ndiaidh 2018. Aicmítear NZEB mar fhoirgneamh a bhfuil ard-fheidhmíocht fuinnimh aige agus beagnach a náid nó méid fíor-íseal fuinnimh ag teastáil uaidh clúdaithe go suntasach ag fuinneamh ó fhoinsí inathnuaite, lena n-áirítear fuinneamh ó fhoinsí inathnuaite táirgthe ar an láthair nó in aice leis.

I gcomhair áitribh nua faoi réir na rialacháin a bhí ann roimhe, bheadh áitreabh nua tógtha ar Rátáil Fuinnimh Tógála A3 (BER). Beidh na riachtanais NZEB comhionann le BER A2. Léiríonn sin 70% feabhais in éifeachtacht fhuinnimh agus 70% laghdú in astuithe CO2 i gcomparáid le Rialacháin 2005. Cuireann sé tús freisin le 20% inathnuaite mar chéatadán d'úsáid iomlán na bhfoirgneamh. Baineann na rialacháin tógála NZEB le gach áitribh nua ag tosú tógála ón 1ú Samhain 2019 faoi réir socrúcháin aistrithe.

---

[19] https://www.nsai.ie/about/news/publication-of-sr-542014-code-of-practice/

Tá an chuid is mó den stoc tithíochta reatha éifeachtach ó thaobh fuinnimh, le 0.4 go 1.2% amháin den stoc faoi athchóirithe gach bliain. Tá riachtanais feidhmíochta athchóirithe móra socraithe i Rialacháin Tógála. Baineann na rialachain sin ón 1ú Samhain 2019 d'oibreacha ar áitribh reatha.

Bhí leibhéil feidhmíochta d'athchóirithe móra socraithe le bheith coibhéiseach do bhunchostas ar oibreacha agus uaillmhianta ach réalaíoch ionas nach gcruthaíonn sé bac ar athchóiriú. I gcomhair áitribh reatha, tá leibhéal feidhmíochta fuinnimh cost-optamach d'Athchóirithe Móra coibhéiseach le leibhéal BER B2 nó coibhéiseach cost-optamach ar bhealach feidhmiúil go teicniúil agus indéanta go heacnamaíoch. Bíonn riachtanas ar fheidhmíocht cost-optamach spreagtha de ghnáth ag insliú seachtrach nó inmheánach ar insliú balla curtha le níos mó ná 25% de dhromchla an limistéir tógála.

Cé nach n-ardóidh rialacháin tógála na rátaí athchóirithe ann féin, cabhróidh siad athchóiriú a chur chun cinn ó chinntíonn siad go ndéantar athchóirithe móra ar an gcaighdeán seo i gcónaí - coibhéiseach ar BER leibhéal B2 de ghnáth.

Chuirfidh a thuilleadh rialacháin ó 2022 deireadh de réir a chéile le suiteáil coirí ola ó 2022 agus suiteáil coirí gáis ó 2025 i ngach áitribh nua. Beidh sin bainte amach trí chur i bhfeidhm caighdeáin rialála nua i gcomhair córais teasa baile, agus a chinntiú go bhfuil an slabhra soláthair i bhfeidhm chun suiteála córais teasa inathnuaite.

Bhí Cuid L de Rialacháin Tógála na hÉireann (d'Fhoirgnimh eile ná Áitribh) leasaithe in 2017 chun riachtanas feidhmíochta NZEB a bhunú agus socraíonn sin leibhéal feidhmíochta a léiríonn feabhsú in ord 60% ar na caighdeáin a bhí ann roimhe. Áirítear leis sin freisin inathnuaite riachtanacha ar gach foirgnimh nua agus athchóirithe móra ar leibhéal cost-optamach. Baineann na rialacháin sin le hoibreacha ar fhoirgnimh nua agus reatha a thosaigh i ndiaidh an 1 Eanáir 2019 faoi réir aistrithe aon bhliana.

Shocraigh na Rialacháin Tógála riachtanais feidhmíochta maidir le Athchóirithe Móra ar fhoirgnimh reatha neamh-chónaitheacha. Baineann na riachtanais feidhmíochta sin freisin le hoibreacha a imríonn tionchar ar níos mó ná 25% de limistéar dromchla foirgnimh neamh-chónaitheacha agus baineann sé le oibreacha ag tarlú ar fhoirgnimh neamh-chónaitheacha ón 1 Eanáir 2019.

Bhí comhairleoireacht chuimsitheach leis an Earnáil Poiblí agus Tionscal chun an t-athrú céime seo agus Measúnuithe Cuimsitheacha ar Thionchar Rialála críochnaithe.

Is gá dul i ngleic leis an fhadhb spreagtha roinnte seo sa mhargadh cíosa i gcomhthéacs easpa lóistín atá in Éirinn faoi láthair. Bunaíodh Grúpa Comhairleach Saineolach chun breathnú ar shamplaí dea-chleachtais idirnáisiúnta agus a rinne páipéar comhairleoireachta

le samplaí de chur chuige in úsáid in áiteanna eile in éineacht le cineálacha cur chuige molta eile. Thug an páipéar seo faisnéis do chomhairleoireacht phoiblí in Q4 2019. Rinneadh anailís ar na aighneachtaí déanta don chomhairleoireacht phoiblí sin agus tabharfaidh siad faisnéis do mholadh an Ghrúpa Comhairligh agus obair an Fhórsa Taisc Aisfheistithe.

## 5.12 Conraitheoireacht d'Fheidhmíocht Fhuinnimh

Tá ról ann do Chomhlachtaí Sheirbhíse Fuinnimh (ESCOs) agus Conraitheoireacht d'Fheidhmíocht Fhuinnimh (EPC) i ndul i ngleic le baic airgeadais agus eile ar fheabhsú éifeachtachta fhuinnimh sna earnálacha tráchtála agus poiblí.

Léirigh staidéar ESRI ar an margadh ESCO in Éirinn gur féidir le acmhainní ar an láthair seachadadh go teoiriciúil ar shábhálacha fuinnimh níos airde ná ESCOs, ach i gcleachta ní tharlaíonn sin i ngeall ar easpa béime (níl i gceist le úsáid fuinnimh ach a haon nó a dó faoin gcéad den láimhdeachas) agus easpa saineolais ar an láthair. D'aimsigh an staidéar go raibh margadh ESCO ina thús agus mhol sé cúpla moltaí faisnéise (m.s. Treoirlínte, conarthaí teimpléid) agus fioscach (deontais, cáin bhreosla) chun ESCOs a chur chun cinn. Is aidhm le SEAI EPCs a chur chun cinn tríd an gCreatlach Seirbhísí Fuinnimh Náisiúnta.

Tugann SEAI tacaíocht chun imlonnú níos leithne agus úsáid EPCs a éascú, chuige sin ag tógáil acmhainneachta agus saineolais. Áirítear leis an tacaíocht sin, ar fáil d'eagraíochtaí poiblí agus príobháideacha chun cuidiú leo tionscnaimh EPC a chur i bhfeidhm, deontais cúnaimh tionscnaimh agus oiliúint.

San Earnáil Poiblí bhí an glacadh deiseanna EPC íseal go dtí seo. Chun feasacht a ardú ar a acmhainneacht, cuireadh béim ar EPC do bhainistoierí fuinnimh, m.s. Trí sheisiúin saincheaptha ag an gComhdháil Fuinnimh don Earnáil Poiblí, ina mbíonn bainisteoirí fuinnimh ón earnáil poiblí go léir ag freastal. Clúdaíonn sin freisin na acmhainní atá i bhfeidhm cheana chun cuidiú le PSBs deiseanna a aithint dá úsáid chuí (m.s. Treoraíocht, conarthaí caighdeánaithe agus deontais cúnaimh tionscnaimh); agus tugann sé samplaí ina bhfuil EPC in úsáid go héifeachtach.

Tá anailís ar bun, mar chuid de staidéar maoinithe ag Seirbhís Tacaíochta d'Athchóirithe Struchtúrtha an AE (SRSS). Mar chuid den obair sin, déanfaidh na comhairleoirí measúnú ar acmhainneacht don EPC chun tionscnaimh éifeachtachta fhuinnimh a sheachadadh in earnáil poiblí na hÉireann agus conas deiseanna EPC a ghlacadh tuilleadh, ina bhfuil siad sin leasmhara, de réir éascaithe.

## 5.13 Scileanna

Tá cláir oiliúna a chlúdaíonn éifeachtacht fhuinnimh agus suiteáil táirgí éifeachtacha fuinnimh ar fáil ón gcomhlacht oiliúna náisiúnta SOLAS, na Boird Oideachais agus Oiliúna agus ó go leor Ollscoileanna agus Institiúidí Teicneolaíochta, chomh maith le soláthraithe oiliúna san earnáil príobháideach, creidiúnaithe ag go leor comhlachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Baineann na scileanna a theastaíonn le tógáil nua agus aisfheistiú agus le oibrithe reatha agus iontrálaithe nua. I gcásanna áirithe, beidh sin speisialaithe - ag díriú ar chineál ar leith tógála nó teicneolaíochtaí sonracha. Teastaíonn oiliúint agus feabhsú scileanna do ghairmithe amhail ailtirí, innealtóirí, sonraitheoirí agus réimse leathan trádála agus daoine céarda.

I gcomhair aisfheistithe tá go leor gníomhartha agus bearta ann a chuideoidh déileáil le riachtanais scil, lena n-áirítear:

- Fóraim Scileanna Réigiúnacha (a thugann deis d'fhostaithe agus córas oideachais agus oiliúna oibriú le chéile chun cloí le riachtanais scileanna ina réigiúin) ar féidir leo cabhrú le riachtanas scileanna aitheanta i gcomhair aisfheistithe cuimsithigh, NZEB, agus suiteáil caidéil teasa ar feadh an chórais oideachais agus cláir printíseachta.
- Tacaíonn an SEAI le comhlachtaí ábhartha gairmiúla i bhforbairt sonraíochtaí/cúrsaí oiliúna chun deartha NZEB agus Aisfheistiú Cuimsitheach ar fhoirgnimh.
- Tá Údarás Caighdeáin Náisiúnta na hÉireann, le ionchur ó phríomh-gheallshealbhóirí, ag forbairt Caighdeáin Náisiúnta chun deartha agus suiteála caidéil teasa in áitribh nua ach freisin chun Fótavoltach a shuiteáil (PV na Gréine).
- Leanann an Roinn Oideachais agus Scileanna ag idirghníomhú le Institiúidí Ardoideachais chun cur i bhfeidhm cúrsaí a chur chun cinn, i gcomhairleoireacht le geallshealbhóirí mar is cuí, ionas go mbeidh an oiliúint agus scileanna a theastaíonn ag céimithe ar thionchair athraithe aeráide.
- Bunaíocht Comhaontais Tógála Ardfheidhmíochta chun oiliúint, taighde agus cáilíocht a bhrú chun cinn chun seachadadh foirgnimh ardfheidhmíochta a éascú.

# 6 Polasaithe agus Bearta

## 6.1 Teip an Mhargaidh

Go ginearálta, bíonn an chúis ar chur i bhfeidhm polasaithe agus bearta bunaithe ar chineál éigin teipe an mhargaidh. Sa chomhthéacs sin, tagraíonn teip an mhargaidh ar réimse ceisteanna a bhíonn ag uasghrádú éifeachtachta fhuinnimh ar an stoc foirgnimh agus úsáid acmhainneachta sábhálacha fuinnimh cost-éifeachtacha.

Glactar le ceisteanna teipe an mhargaidh le linn polasaithe a fhorbairt chun feabhas a chur ar éifeachtacht fhuinnimh. Seo a leanas samplaí de theip an mhargaidh agus conas iad a shárú:

- Easpa tuisceana ar shábhálacha féideartha a mbeidh faoi scrúdú sna Tuarascálacha Comhairleacha Rátála Fuinnimh Tógála le teacht.
- Tá gníomhaíocht theoranta athchóirithe agus tógála faoi bhreithniúchán ag straitéis an Chláir nua um Athshlánú Náisiúnta, lena mbeidh béim ar leith ar athchóiriú.
- Tá easpa táirgí maoinithe tarraingteacha chun cur ina luí ar dhaoine athchóiriú a dhéanamh faoi bhreithniúchán ag an bhFórsa Taisc Aisfheistithe.
- Táthar ag dul i ngleic leis an bhfaisnéis teoranta ar stoc foirgnimh i gcomhthéacs éifeachtachta fhuinnimh an Earnála Poiblí agus aidhmeanna aisfheistithe le comhairleoireacht mhaoinithe ag an AE atá ar bun faoi láthair.
- Táthar ag dul i ngleic leis an méadú teoranta ar theicneolaíochtaí chliste i gcomhthéacs an earnála poiblí tríd an gclár Uasghrádaithe Soilsithe Poiblí Náisiúnta agus níos leithne trí réimse scéimeanna oibrithe ag SEAI lena n-áirítear tacaíochtaí do ghnónna agus an clár EXEED.
- Tá roghanna chun cuidiú le dul i ngleic leis an bhfadhb spreagtha faoi bhreithniúchan ag an nGrúpa Saineolaithe Comhairleacha le cuidiú ó ionchuir ón gcomhairleoireacht phoiblí déanta le déanaí.

## 6.2 Bochtanas Fuinnimh

Is aidhm tábhachtach é bochtanas fuinnimh a mhaolú agus is príomh-shochar é le aisfheistiú ar an earnáil tithíochta. Tá an scéim Better Energy Warmer Homes i bhfeidhm ó 2000. Tugann an scéim uasghráduithe saor in aisce ar éifeachtacht fhuinnimh do thithe ina

bhfaigheann úinéir an tí íocaíocht leasa sóisialta[20]. Ní dócha go mbeidh na tithe sin in ann infheistíocht a dhéanamh ar uasghrádú éifeachtachta fhuinnimh dá gcuid maoine féin.

Thug an scéim uasghrádú ar os cionn 142,000 teach ó 2000. Ar dtús chuir an scéim uasghráduithe éadroime ar fáil, agus suiteáladh bearta amhail bolgáin solais níos éifeachtaí agus seaicéidí fálaithe agus insliú ar an áiléar agus balla cuasach. Ó 2018, chuir an scéim uasghráduithe i bhfad níos cuimsithí ar fáil, lena n-áirítear insliú seachtrach, suiteálacha córais teasa agus uasghráduithe air, agus athchurtha fuinneoga i gcúinsí áirithe. D'ardaigh na sábhálacha meánacha fuinnimh agus carbóin in aghaidh an tí ó cuireadh na bearta i bhfeidhm. In 2019, fuair os cionn 3,000 tithe eile uasghráduithe saor in aisce, le os cionn 50% dóibh sin ag fáil uasghráduithe bhearta níos cuimsithí i gcomparáid le 16% amháin de na faighteoirí in 2018 agus níos lú ná 5% faighteoirí in 2017.

Tá an buiséad bhliantúil leithdháilte don scéim in 2020 os cionn €50 milliún.

## 6.3 Earnáil Cónaithe

D'fhorbair an Rialtas agus mhaoinigh sé réimse scéimeanna le cineálacha difriúla tacaíochtaí - ag díriú ar phríomh-earnálacha agus cuspóirí. Áirítear a leanas le scéimeanna agus bearta tacaíochta maoinithe le déanaí:

- Tugann an scéim Better Energy Homes cúnamh maoinithe d'úinéirí tithe príobháideacha ar mian leo feabhas a chur ar fheidhmíocht fhuinnimh a dtithe. Tugtar deontais i dtreo costais réimse bearta lena n-áirítear insliú an áiléir, insliú balla, uasghráduithe ar chórais teasa, painéil teirmeacha gréine agus BER leis.
- Tugann Better Energy Warmer Homes maoiniú d'fheabhsuithe éifeachtachta fhuinnimh i dtithe cúraim do dhaoine aosta agus leochaileacha, ag déanamh bailte níos compordaí, níos sláintiúla agus cost-éifeachtaí.
- Tacaíonn scéimeanna Better Energy Communities le comhpháirtíochtaí bunaithe ar phobal chun feabhas a chur ar éifeachtacht fhuinnimh leis an stoc foirgnimh i dtithe, scoil pobail agus foirgnimh gnó mar aon le tithe gan go leor fuinnimh. Úsáideann na scéimeanna sin teagmhálacha an phobail chun idirbheartú le níos mó geallshealbhóirí chun uasghráduithe a sheachadadh ar fhuinneamh agus tacú le cur i bhfeidhm bearta níos cuimsithí agus níos dúshlánaí go teicniúil agus eacnamaíoch. Is féidir le comhpháirtíochtaí a bheith idir na earnálacha poiblí agus príobháideach, earnálacha baile agus neamh-bhaile, eagraíochtaí tráchtála agus neamhbhrabúis agus soláthraithe fuinnimh. Giarálann an pobal agus gnó infheistíocht

[20] https://www.seai.ie/grants/home-energy-grants/free-upgrades-for-eligible-homes/

phríobháideach breise an-suntasach. Tá an scéim in oibríocht le blianta anuas agus leanann sé ag dul chun cinn.

- Oibríonn an Gréasán Pobail Fhuinneamh Inbhuanaithe le grúpaí ar fud na hÉireann chun a scileanna teicniúla agus bainistíochta tionscadail a dhíríonn go príomha ar éifeachtacht fhuinnimh.
- Bhí an Scéim Píolóta um Teas agus Leas déanta chun measúnú agus bailíochtú a thabhairt ar thionchair sláinte agus leas le feabhsuithe ar choinníollacha maireachtála na ndaoine leochaileacha i mbochtanas fuinnimh, ag soláthar feabhsuithe éifeachtachta fhuinnimh do thithe dhaoine aosta agus páistí ag maireachtáil le coinníollacha riospráide ainsealacha.
- Bhí an Clár Aisfheistithe Cuimsithigh déanta chun an tslí is fearr a bhunú chun tacaíocht a thabhairt do leibhéil níos doimhne athchóirithe san earnáil cónaitheach, agus taithí praicticiúil a fháil ar conas forbairt a dhéanamh ar ofrálacha éifeachtachta fhuinnimh cónaitheacha ag scála i ndiaidh 2020.
- Is féidir le Pasanna Athchóirithe Tógála (BRP) cuidiú chun athchóiriú a éascú agus a spreagadh ag staideanna cuí i saol maoine nó a áitritheoirí. Is máistirphleananna iad BRP i gcomhair aisfheistithe agus áirítear leo taifead ar oibreacha (leabhair loga). Is féidir leo cuidiú le cinntiú go bhfuil aon oibreacha athchóirithe pleanáilte agus curtha i bhfeidhm ar bhealach iomlánach agus cuí go teicniúil, ag cabhrú mar sin cosc a chur le “gafa istigh” agus ag éascú cur chuige céim-ar-chéim ar athchóiriú cuimsitheach. Le feabhsú ar infhaighteacht sonraí do luachálaithe agus iasachtóirí, is féidir le BRP cuidiú riosca a bhaint d’infheistíochtaí san áit agus aisfheistiú cuimsitheach céimnithe a éascú. Chun measúnú a thabhairt ar an acmhainneacht sin tabharfaidh Comhairle Tógála Ghlas na hÉireann, i gcomhpháirtíocht le Institiúid Teicneolaíochta Luimní, tacaíocht ón SEAI le píolóta ar BRP in Éirinn. Rachaidh an píolóta seo, ar siúil ó thús 2020, in oiriúint don phas iBRoad (leabhar loga agus treochlár) do mhargadh na hÉireann.

Bunaíodh an Fórsa Taisc Aisfheistithe (RTF) mar ghníomh ceannais faoi réir Phlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide na hÉireann in 2019. Is tasc leis maoirseacht a thabhairt ar dhearadh agus forbairt samhlach/cláir seachadta aisfheistithe náisiúnta chun targaid 500,000 aisfheistiú go leibhéal BER B2 a sheachadadh (nó cost-optamach nó coibhéiseach carbóin) roimh 2030. Clúdaítear aidhmeanna an RTF agus an cur chuige á ghlacadh níos mionsonraithe ag Cuid 5.7 thuas.

## 6.4 Earnáil Tráchtála agus Poiblí

Áirítear le tionscnaíochtaí chun spreagadh, tacú agus cumasú d'earnálacha tráchtála agus poiblí feabhas a chur ar éifeachtacht fhuinnimh tacú le athchóiriú. Leis sin:

- Tacaíonn Ciste Gníomhartha ar son na hAeráide tionscnaíochtaí a chuidíonn targaid aeráide agus fuinnimh na hÉireann a bhaint amach ar bhealach cost-éifeachtach. Ofrálann sé acmhainneacht chun idirghabhálacha nuálaíochta, nach mbeadh forbartha ar bhealach eile gan tacaíocht ón gciste. Is féidir le tionscnaimh an earnála tráchtála agus poiblí iarratas a dhéanamh ar an gciste.
- Is acmhainn nua ar líne é Acadamh Fuinnimh SEAI a thugann rochtain saor in aisce do ghnónna ar oiliúint fhuinnimh ardchaighdeáin.
- Tugann SEAI réimse leathan faisnéise agus seirbhísí comhairleacha do ghnónna lena n-áirítear faisnéisiú, ceardlanna, acmhainní láthair oibre, rochtain ar sheirbhísí iniúchta fuinnimh agus cás staidéir ar dea-chleachta.
- Oibríonn eagraíochtaí i ngréasán Fuinnimh Tionsclaíoch Leathan SEAI, a chomhdhéanann os cionn 20% d'úsáid fuinnimh na hÉireann, le chéile chun feabhas a chur ar fheidhmíocht fhuinnimh agus eispéiris a roinnt.
- Tugtar Deontais Cuidithe Tionscadail do ghnónna le caiteachas fuinnimh leathan chun cuidiú le maoiniú a thabhairt ar fhorbairt staidéir indéantachta agus cáis gnó d'fheabhsuithe ar fheidhmíocht fhuinnimh.
- Ceadaíonn Liúntais Luasghéaraithe Caipitil do ghnónna laghdú a thabhairt ar a mbrabúis inchánach de réir leibhéil caiteachais ar éifeachtacht fhuinnimh sa bhliain a dhéantar an infheistíocht.
- Tugtar maoiniú do ghnónna a dhéanann próisis deartha, tógála agus coimisiúnaithe a úsáideann an próiseas deimhnithe Sármhaitheas i nDearadh Éifeachtachta Fhuinnimh (EXEED).
- Tacaíonn an Scéim Tacaíochta do Théamhú Inathnuaite (SSRH) le athchur córais teasa bhreosla iontaise le fuinneamh inathnuaite chun cuidiú i dtreo targaid laghdaithe astuithe agus fuinnimh inathnuaire na hÉireann. Tacaíonn an scéim le téamhú tráchtála, tionsclaíoch, talmhaíochta, téamhaithe ceantair agus úsáideoirí teasa neamh-bhaile eile san earnáil neamh-ETS. Tugann an scéim dhá chineál meicníochta tacaíochta:

- Tacaíocht leanúnach oibriúcháin, ar feadh suas go 15 bliain, do shuiteálacha nua nó suiteálacha a úsáideann córas téamhaithe bhreoslaí iontaise a thiontaíonn go úsáid bithmhaise nó córais téamhaithe díleá anaeróbach.
- Deontas chun tacú le infheistíocht i gcórais téamhaithe inathnuaite a úsáideann caidéil téamhaithe.

Chun leas a bhaint as an scéim, agus le cinntiú go n-úsáidtear fuinneamh ar bhealach éifeachtach, baineann caighdeáin éifeachtachta fuinnimh a oibríonn mar thiomántóir do ghníomhaíocht athchóirithe agus aschuir feabhsaithe.

- Tugann an Better Energy Communities Scheme maoiniú do chomhpháirtíochtaí bunaithe ar phobal (agus is féidir a áireamh leis tithe cúraim, áiseanna pobail agus gnónna) chun feabhas a chur ar éifeachtacht fhuinnimh a bhfoirgnimh.
- Tugann an Clár Tacaíochta SME, oibrithe ag SEAI, comhairle agus oiliúint do SMEs ar bhainistíocht fhuinnimh, go háirithe i réimsí amhail soilsiú, téamhú agus fuarú.
- Is riachtanach an Clár Iniúchta a bhaineann le fiontair thar teorainneacha fostaithe agus airgeadais áirithe. Oibríonn SEAI an scéim agus faigheann sé tacaíocht ó bhearta comhairleacha. Tugann na iniúchta ardchaighdeáin sin taifead ar dheiseanna infheistíochta don fhiontar, agus ceadaíonn siad do SEAI sonraí a bhailiú ar na cineálacha deiseanna san earnáil ar féidir a úsáid chun tacaíochtaí a chur in oiriúint agus dul i ngleic le teipeanna an mhargaidh.
- Tugann an Taifead “Triple E” (Clárú ar Threalamh Éifeachtach Fhuinnimh), coinneáilte ag SEAI, liosta de na táirgí is éifeachtaí fuinnimh chun éifeachtacht fhuinnimh níos mó a sholáthar. Ceadaíonn sin oibriúchán den scéim Liúntais Luasghéaraithe Caipitil a ofrálann buntáistí cánacha, ag tabhairt leis sin spreagadh do ghnónna aon mhéid trealamh níos éifeachtaí fuinnimh a roghnú le linn trealaimh nua nó athchurtha a úsáideann fuinneamh a sholáthar.

## 6.5 Téamhú Ceantair

Tá téamhú agus fuarú ceantair in Éirinn ag leibhéal an-íseal agus meastar go bhfuil sé níos lú ná 1% d’ídiú téamhaithe. Tá sin go páirteach i ngeall ar nádúr an struchtúir lonnaíochta scaipthe le dlús íseal daonra. D’ainneoin sin, fiú in áiteanna le dlús daonra níos airde, níl mórán úsáide i dtéamhú ceantair.

Aithníonn an polasaí náisiúnta conas is féidir le téamhú ceantair cuidiú le aidhmeanna aeráide agus fuinnimh na hÉireann. Tacaíonn an Creat Náisiúnta um Phleanáil le forbairt gréasáin téamhaithe ceantair i mBaile Átha Cliath, Corcaigh, Gailimh, Port Láirge agus

Luimneach, áiteanna a bhfuil sé indéanta go teicniúil agus cost-éifeachtach, chun cuidiú cloí le targaid téamhaithe inathnuaite agus astuithe gáis ceaptha teasa na hÉireann a laghdú. Teastaíonn níos lú fuinnimh ó phatrún comhdhlúite agus inbhuanaithe forbartha beartaithe ag an gCreatlach Náisiúnta um Phleanáil agus déanann sé córais bunaithe ar athnuaite dáileacháin fuinnimh, amhail téamhú ceantair, níos indéanta.

Deimhníonn Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide an Rialtais an cúnamh suntasach ar féidir le téamhú ceantair a dhéanamh chun an leibhéal fuinnimh inathnuaite a ardú san earnáil téamhaithe agus astuithe a laghdú. Leagann an Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide an gá chun creatlach polasaithe a fhorbairt chun forbartha téamhaithe ceantair in Éirinn. Ó Nollaig 2019 go Feabhra 2020, rinneadh comhairleoireacht phoiblí chun faisnéis a thabhairt do chreatlach pholasaí chun forbartha téamhaithe ceantair in Éirinn.

Is tionscnaimh ceantair dhá cheann de na tionscnaimh rathúla don chéad Ghlao ar Iarratais faoi réir Chiste Gníomhaíochta ar son na hAeráide - Córas téamhaithe Ceantair Chomhairle Bhaile Átha Cliath agus Scéim téamhaithe Cheantar Tamhlachta Chomhairle Contae Dheisceart Bhaile Átha Cliath.

## 6.6 Rialacháin Tógála

Socraíonn Treoir 2010/31/AE Pharlaiminte na hEorpa agus anChomhairle ar fheidhmíocht fhuinnimh na bhfoirgneamh (EPBD) riachtanais ag leibhéal an AE do Bhallstáit chun feabhas a chur ar fheidhmíocht fhuinnimh na bhfoirgneamh agus cúnamh tábhachtach a thabhairt ar laghdú astuithe gháis ceaptha teasa.

De réir Airteagail 9(1) na Treorach, tá riachtanas ann do Bhallstáit chun a chinntiú; roimh 31 Nollag 2020, go mbeidh gach foirgnimh ina fhoirgnimh beagnach a náid fuinnimh (NZEB); agus i ndiaidh 31 Nollag 2018, go bhfuil foirgnimh nua lonnaithe agus faoi úinéireacht na n-údarás poiblí ina fhoirgnimh beagnach a náid fuinnimh. Sonraíonn an Treoir Foirgneamh Beagnach a Náid Fuinnimh (NZEB) mar fhoirgneamh a bhfuil ard-fheidhmíocht fuinnimh aige agus beagnach a náid nó méid fíor-íseal fuinnimh ag teastáil uaidh clúdaithe go suntasach ag fuinneamh ó fhoinsí inathnuaite, lena n-áirítear fuinneamh ó fhoinsí inathnuaite táirgthe ar an láthair nó in aice leis.

Iarrtar ar Éirinn NZEB a chur i bhfeidhm d'fhoirgnimh críochnaithe roimh 31 Nollag 2020. Bhí rialacháin an Aontais Eorpaigh (Feidhmíocht Fhuinnimh na bhFoirgneamh) 2019 sínithe ag an 29 Aibreán 2019. Cuireann na rialacháin nua sin feabhas ar fheidhmíocht fhuinnimh na n-áitreabh nua ag 70% thar fhorálacha rialacháin tógála 2005. Faoi láthair, tá 98% d'áitribh nua tógtha do leibhéal BER A3 nó níos airde.

Beidh sé riachtanach d'Athchóirithe Móra ar áitribh feidhmíocht cost-optamach a bhaint amach. Tá sin i gcomhréir le plean Forbartha Náisiúnta agus tabharfaidh sé áitribh atá faoi réir Athchóirithe Móra go leibhéal BER B2. Tarlaíonn athchóiriú mór nuair a thugtar athchóiriú ar níos mó ná 25% den phacáiste tógála.

Cuireadh cuid mhaith de na teicnící a theastaíonn chun NZEB a bhaint amach, amhail fabraic feabhsaithe agus inathnuaití, i bhfeidhm de réir a chéile i gCuid L de Rialacháin Tógála ó 2007.

Cuireadh NZEB d'fhoirgnimh neamh-chónaitheacha i bhfeidhm i Rialacháin Tógála i Nollaig 2017. Sonraíonn sin riachtanais feidhmíochta NZEB d'fhoirgnimh neamh-chónaitheacha agus riachtanais Athchóirithe Móra d'fhoirgnimh reatha. Cuireann na riachtanais feidhmíochta sin feabhas ar fheidhmíocht astuithe carbóin agus fuinnimh in ord 60% agus tugann sé riachtanas isteach i gcomhair inathnuaití ar gach foirgnimh neamh-chónaitheacha nua. Baineann na rialacháin sin le hoibreacha ar fhoirgnimh nua agus reatha a thosaíonn i ndiaidh an 1 Eanáir 2019 faoi réir aistrithe aon bhliana.

Bhí comhairleoireacht chuimsitheach le geallshealbhóirí an Earnála Phoiblí agus Tionscal chun an t-athrú céime seo agus Measúnuithe Cuimsitheacha ar Thionchar Rialála críochnaithe. Baineann Athchóirithe Móra ar leibhéal cost-optamach freisin le oibreacha ar fhoirgnimh reatha neamh-chónaithe ón 1 Ean 2019.

## 6.7 Polasaithe agus Gníomhartha ar Fhoirgnimh Poiblí

Déantar monatóireacht bhliantúil ar an bhfeabhsúchán éifeachtachta fuinnimh do gach comhlacht an earnála poiblí go bliantúil bunaithe ar úsáideanna fuinnimh iarbhír. Chun é sin a bhaint amach, oibrítear an Córas Monatóireachta agus Tuairiscithe ag SEAI, a bhfuil gach aon chomhlacht an Earnála Poiblí faoi oibleagáid a thuairisciú.

Bhí dul chun cinn maith bainte amach in éifeachtacht fhuinnimh le 27% éifeachtachta feabhsaithe roimh dheireadh 2018. Tá an feabhsú sin tar éis os cionn €1.3 billiún a sheachadadh i gcaiteachas fuinnimh seachanta agus 4.58 milliún tonna astuithe seachanta. Bhí sin bainte amach trí bhearta iompraíochta, bainistíocht fhuinnimh feabhsaithe agus athchóiriú araon. Cé gur féidir breathnú ar na gníomhartha glactha ag gach comhlacht an earnála poiblí chun a bhfeidhmíocht éifeachtachta fhuinnimh a bhaint amach i gcomhair gach comhlachta ar líne, trí fhéachaint ar a gcárta tuairiscithe chomh maith leis na tionscnaimh déanta acu, níl aon bheart ar leithligh don chomhpháirt athchóirithe.

Bhí dul chun cinn leanúnach in éifeachtacht fhuinnimh feicthe gach bliain tomhaiste ó chuireadh an straitéis nua isteach - i ndiaidh ardchláir dul chun cinn don dá bhliain roimhe.

Eascraíonn an fheidhmíocht fheabhsaithe ó mheascán athraithe iompraíochta, bainistíocht fhuinnimh feabhsaithe agus uasghráduithe tógála nó athchóiriú.

Beidh an córas Monatóireachta agus Tuarascála feabhsaithe tuilleadh sna blianta le teacht chun a luach a fhairsingiú i dtacaíocht chun an straitéis seo a bhaint amach. Áireofar leis sin meicníocht chun monatóireacht a thabhairt ar chomhréireacht an Teastais Fuinnimh Taispeána (DEC). Scéim rátaithe atá i gceist le DEC d'fhoirgnimh agus léiríonn sé feidhmíocht oibriúcháin fuinnimh an fhoirgnimh. Tá feidhmíocht fhuinnimh an fhoirgnih rátaithe ar scála A-G bunaithe ar fhuinneamh oibriúcháin (billí fóntais) san fhoirgneamh. I gcomhréir le riachtanais an EPDB, tá sé ar taispeáint go poiblí laistigh an fhoirgnimh.

Tá DCCAE, ag obair le SEAI agus an OPW, i ndiaidh sraith ceardlanna forbartha acmhainne a sheachadadh do gach Grúpa Oifigigh Feidhmíochta Fuinnimh le linn 2019. Chinntigh an sraith 19 ceardlann sin go mbeadh deis ag gach comhlacht an earnála poiblí páirt a ghlacadh i gceardlann deartha chun cuidiú leo a bheith eagraithe agus a gcuid seans ratha a optamú. Is rí-thábhachtach do na ceardlanna sin treoraíocht a aithint agus a thabhairt ar chur chuige éifeachtacha do bhainistíocht fhuinnimh agus athchóirithe i bpríomh-earnálacha chun treoir agus spreagadh a thabhairt do chomhlachtaí an earnála phoiblí ar feadh aistir athchóirithe.

Chun infheistíocht a spreagadh, is féidir le Comhlachtaí an Earnála Poiblí a dhéanann sábhálacha óna n-iarrachtaí éifeachtachta fhuinnimh na sábhálacha sin a choinneáil laistigh a mbuiséid eagraíochta. Leis sin, tugann an Plean Forbartha Náisiúnta (NDP) €750m i maoiniú thar tréimhse go 2027 chun éifeachtacht fhuinnimh a fheabhsú i bhfoirgnimh poiblí, le leithdháileadh eile ar leithligh i gcomhair aisfheistithe cuimsithigh ar scoileanna.

Tá Conraitheoireacht d'Fheidhmíocht Fhuinnimh (EPC) ar fáil do Chomhlachtaí an Earnála Poiblí, agus do dhaoine áirithe d'fhéadfadh sin a bheith ina bhealach cuí d'acmhainní, nó cuid den acmhainn dá n-aisfheistiú. Don earnáil poiblí, bhí méadú ar EPCs beag go dtí seo, ag cuimsiú tionscnaimh ar scála measartha in áiseanna sosa údaráis áitiúla áirithe. Bhí tionscnamh ar scála mór seachadta le déanaí in ospidéal mór. Táthar ag súil go gcabhróidh infheictheacht na dtionscnamh rathúla sin chun a thuilleadh méadaithe a chur chun cinn don samhail EPC.

Chun measúnú a dhéanamh ar scála na infheistíochta ag teastáil, seans go dteastóidh acmhainn réalaíoch EPC agus díolachán breise dóchúil anuas air sin, tá Éire ag baint leasa as tacaíocht an AE faoi réir Seirbhíse Tacaíochta d'Athchóirithe ar Struchtúr (SRSS). Tá an cleachta seo ar siúil le linn 2020. Beidh an creatlach forbartha i gcomhairleoireacht le príomh-gheallshealbhóirí le cuspóir ginearálta chun cuspóirí athchóirithe an earnála poiblí náisiúnta a éascú. Mar chuid den chleachta sin, déanfaidh an tionscnamh measúnú ar:

- Stoc foirgnimh reatha (chun a thuilleadh soiléire a thabhairt ar an urlár agus coinníoll);
- Acmhainn ag úinéirí portfolio chun tionscnaimh athchóirithe a sheachadadh agus a thabhairt chun cinn; agus
- Constaicí de réir dealraimh;

Agus beidh sé:

- Ag tabhairt deis do gheallshealbhóirí an earnála poiblí chun ionchur a dhéanamh ar fhorbairt an chreatlaigh aisfheistithe,
- Treoraíocht a fhorbairt agus a sholáthar do chomhlachtaí an earnála poiblí chun cás gnó a dhéanamh agus measúnú ar mhaoiniú an Phlean Forbartha Náisiúnta (NDP); agus
- Tairiscintí a dhéanamh do mheicníochtaí airgeadais féideartha agus sceideal infheistíochta (lena n-áirítear ról réalaíoch Chonraitheoireacht d'Fheidhmíocht Fhuinnimh (EPC) chun cloí le riachtanais infheistíochta).

Cuireann na Cláir Comhpháirtíochta Pathfinder béim ar thacaíocht a thabhairt d'aisfheistiún éifeachtachta fhuinnimh san earnáil poiblí. Áirítear leo sin na feabhsuithe aisfheistithe d'fhoirgnimh, cur chuige tástála, dea-chleachta a thógáil agus samhail aisfheistithe inscálaithe a fhorbairt ar féidir é a athdhéanamh san earnáil poiblí ar fad. Go dtí seo bhí ceithre eilimint lena n-áirítear foirgnimh lárnacha an Rialtais, scoileanna, foirgnimh an earnála sláinte agus oideachas tríú leibhéil.

Ó na cláir sin, forbraíodh saineolas ar na príomh-chonstaicí agus dúshláin chun cláir aisfheistithe fuinnimh tógtha ar scála mór a chur i bhfeidhm. Áirítear leo sin:

- An gá chun acmhainn a fhorbairt, mar aon le saineolas, scileanna, próisis agus cur chuige ar chlár aisfheistithe ar scála mór;
- Na dúshláin a bhaineann le cineáil tógála, catagóir úsáide, infhaighteacht d'aisfheistiú;
- An buntáiste a bhaineann le struchtúr aisfheistithe soiléir a fhorbairt le bailiúchán sonraí fuinnimh, catagóiriú tógála, aithint bealaigh aisfheistithe, agus cur chuige seachadta;
- Na buntáistí ó chur chuige tástála, agus teicneolaíochtaí, i dtéarmaí cur i bhfeidhm agus glacadh; agus
- Srianta ar acmhainn an slabhra soláthair.

Straitéis Éifeachtachta Fuinnimh an Earnála Poiblí agus a chlár tacaíochta bainteach deartha chun cuidiú do chomhlachtaí poiblí chun aidhmeanna fuinnimh náisiúnta a bhaint amach 33% do 2020, 50% roimh 2030. Beidh clár aisfheistithe substainteach thar fhoirgnimh an earnála poiblí ag teastail chun gach foirgneamh san earnáil poiblí a thabhairt chuig leibhéal BER B. Táthar ag tabhairt tacaíochta an AE faoi réir na Seirbhíse Athchóirithe Struchtúrtha (SRSS) ag Éirinn chun creatlach a fhorbairt chun an clár uasghrádaithe cuimsitheach tógála don earnáil poiblí seo a chur i bhfeidhm.

## 6.8 Codanna Dhúshlánacha ar an Stoc Tógála Náisiúnta

Bunaithe ar an nDaonáireamh 2016, meastar go bhfuil timpeall 18% d'áitribh sa chatagóir tógtha go traidisiúnta. Go ginearálta tógadh na foirgnimh sin le hábhair tréscaoilteach le gal agus níl baic ann amhail cúrsaí le díon in aghaidh tais, baic gaile agus scannáin agus ábhair cosúla nach nglactar leo mar chaighdeánach i dtógáil nua-aoiseach. Dá bharr sin, tagraítear go minic don fhabraic tógála traidisiúnta mar thógáil 'inanálaithe', a shúann isteach agus a cheadaíonn galú taise chomh maith. I ngeall air sin, níl cur chuige áirithe inslithe fhuinneamh oiriúnach toisc go gcuirfeadh siad damáiste ar na struchtúir agus droch-thionchar ar an timpeallacht maireachtála inmheánach agus sláinte na gcónaitheoirí. Teastaíonn cur chuige athchóirithe athráideach do na foirgnimh sin.

Ní dhéanann EPBD aon éisceacht d'fhoirgnimh stairiúla; ba chóir gach foirgnimh a uasghrádú i gcomhair éifeachtachta fhuinnimh nuair is indéanta go teicniúil agus eacnamaíoch. Dá bharr sin, níl foirgnimh stairiúla agus traidisiúnta díolmhaithe ó chuspóirí athchóirithe. D'ainneoin sin, i go leor cás beidh teorainneacha ar an gcineál agus réim cóireála athchóirithe agus inslithe a bheadh cuí.

Tá tionscnamh ar siúil chun treoraíocht agus cáipéisíocht chuí a fhorbairt i ngeall ar an ngá aitheanta chun feidhmíocht fhuinnimh feabhsaithe ar fhoirgnimh traidisiúnta, agus an tábhacht a bhaineann le amhlaidh a dhéanamh ar bhealach nach n-eascraíonn i ndamáiste do na foirgnimh nó le iarmhairtí gan choinne. Déanfaidh sé sin cáipéis threoraíochta do ghairmithe tógála, go háirithe sonraitheoirí agus suiteálaithe. Tá an tionscnamh faoi cheannas na Roinne Cultúr, Oidhreacht agus an Ghaeltacht agus curtha leis mar ghníomh sa Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide.

Tugann an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus an Ghaeltacht (DCHG) tacaíocht agus spreagadh d'athúsáid chuí agus oiriúnú an stoic foirgnimh stairiúla i gcomhréir le prionsabail leagtha amach ina fhoilseacháin 'Éifeachtacht Fhuinnimh i bhFoirgnimh Traidisiúnta' (2010) agus 'Ag Roinnt an Todhchaí' (2012). D'fhoilsigh Coiste Náisiúnta na hÉireann le Comhairle Idirnáisiúnta um Shéadchomharthaí agus Suíomhanna (ICOMOS) tuarascáil dár teideal

‘Athchóiriú Fuinnimh Cuimsitheach ar Fhoirgnimh Traidisiúnta - Ag Dul i nGleic le Bearnaí agus Oiliúint Scileanna in Éirinn’ (Márta 2018).

Chun treoraíocht agus smaointe a thabhairt do ghairmithe agus sonraitheoirí (amhail ailtirí, innealtóirí agus suirbhéirí) faoi conas feabhas cuí a chur le éifeachtacht fhuinnimh ar fhoirgnimh traidisiúnta, lena n-áirítear athchóiriú, bhí cúrsa 10 modúl comh-fhorbraithe le ionchur ó shaineolas príomh-gheallshealbhóirí dár teideal “Bunúis ar Athchóiriú Fuinnimh d’Fhoirgnimh Traidisiúnta”.

## 6.9 Fadhbanna le Spreagadh Roinnte

Cé go ndéanann úinéirí tithe suas an chuid is mó de thithe in Éirinn (os cionn dhá thriain), tá 500,000 teaghlach ina gcónaí i lóistín ar cíos. Tá meastachán 120,000 foirgneamh san earnáil gnó in Éirinn leis na huimhreacha is airde ina n-oifigí agus asraonta miondíola. Meastar go bhfuil beagnach leath de na foirgnimh tráchtála áitithe ag an úinéir.

Tarlaíonn spreagadh roinnte nuair nach gcarnann na buntáistí go bunúsach don duine a íocann as an idirbheart. I gcás maoine ar cíos, ina gcloíonn tiarnaí talún le costas na bhfeabhsuithe, bheadh na tionóntaí ag baint níos mó leasa as na buntáistí. Níl smacht ag tionóntaí ar an maoin agus tá spreagadh ró-bheag ann dóibh dul i mbun infheistíochta - só níl aon cheann de na páirtithe spreagtha chun uasghrádú a thabhairt ar an bhfoirgneamh. Eascraíonn an fhadhb sin in éifeachtacht fhuinnimh níos measa sna earnálacha cónaitheach ar cíos agus tráchtála araon.

Bunaíodh Grúpa Comhairleach Saineolach (comhdhéanta le ionadaithe ó Ranna ábhartha an Rialtais, an SEAI, agus Bord na dTíonóntachtaí Cónaitheacha) in 2019. Ba thasc leis féachaint ar roghanna cuí, ag éascú ionchuir ó gheallshealbhóirí i gcomhairleoireacht phoiblí agus moltaí a dhéanamh don Rialtas. Bhreathnaigh an grúpa ar chur chuige curtha i bhfeidhm nó measúnaithe in áiteanna eile, rinne sé machnamh ar ionchur ó cheardlann geallshealbhóirí eagraithe ag Comhairle Tógála Ghlais na hÉireann, agus rinne sé tuilleadh moltaí. Chuir siad le chéile réimse bearta féideartha chun cuidiú dul i ngleic leis, nó a bheith modhnaithe i gcur chuige chun dul i ngleic leis na fadhbanna.

Bhí raon na mbeart féideartha ar féidir leo cuidiú dul i ngleic le, nó modhnaithe isteach i gcur chuige chun cuidiú dul i ngleic leis na fadhbanna socraithe i gcomhairleoireacht oscailte a rith ó Nollaig 2019 go dtí deireadh Eanáir 2020. Rinne an comhairleoireacht measúnú ar an spreagadh roinnte tiarna talún-tionónta chomh maith le fadhb comhthola d’fhoirgnimh il-áitíochta. Bhí sé ann sna earnálacha tithíochta príobháidigh agus tithíochta tráchtála.

Thug an comhairleoireacht deiseanna do gheallshealbhóirí a thuilleadh moltaí a thabhairt ar conas dul i ngleic leis an bhfadhb le spreagadh roinnte, eilimintí ábhartha nó ceisteanna a ardú nó trácht orthu.

B'aidhm leis an gcomhairleoireacht cuidiú idirghabhálacha polasaithe cuí a aithint chun a chinntiú go mbeadh an cur chuige glactha in ann droch-thionchair ar an staid lóistín agus ar bhochtanas fuinnimh a mhaolú. Bhí os cionn 90 iarracht faighte mar fhreagra leis an gcomhairleoireacht.

Tá ionchurtha ón gcomhairleoireacht phoiblí faoi anailís anois ag an nGrúpa Comhairleach Saineolach, ina mbeidh moltaí déanta.

Áirítear le príomh-théamaí a d'eascraigh ón gcomhairleoireacht phoiblí buntáistí leis na spreagthaí cánacha cearta, deontais, tacaíocht theicniúil agus an rialachán cuí. Chuir iarratais béim ar an tábhacht a bhaineann le teacht ar an gcothromaíocht cheart in aon rialachán breise agus ceannaireacht réasúnta a thabhairt uaireanta. I gcás go moltar athruithe rialála, táthar ag súil go dteastaíonn Anailís ar Thionchar Rialála a dhéanamh sula dtugtar isteach aon rialacháin nua.

I gcomhair portfolio tógála an earnála poiblí, léiríonn na figiúirí a leanas go bhfuil timpeall 60% d'fhoirgnimh os cionn 500 méadar cearnach faoi úinéireacht leis an gcuid eile léasaithe ó thiarnaí talún príobháideacha. Chun dul i ngleic leis an bhfadhb spreagadh roinnte seo tá reachtaíocht i bhfeidhm a iarrann ó Chomhlachtaí an Earnála Poiblí gan dul isteach i gcomhaontuithe cíosa nó léasaithe d'fhoirgnimh an earnála príobháidigh ach má bhíonn leibhéal BER ar a laghad A3 acu, le díolúiní teoranta tugtha i gcúinsí áirithe.

# 7 Teicneolaíochtaí Chliste agus Foirgnimh Dea-Nasctha

## 7.1 Méadair Cliste

Beidh méadair leictreachais meicniúla athchurtha i ngach teach in Éirinn faoi 2024 faoi réir an Chláir Méadraithe Cliste Náisiúnta ar €1.2 billiún. Chabhródh sin a thuilleadh gníomhaíochta athchóirithe a chur chun cinn le cabhair ag ardú feasachta ar úsáid fuinnimh agus acmhainn chun éifeachtacht fheabhsaithe.

Is infheistíocht ilbhliantúil é an Clár Méadraithe Cliste Náisiúnta lena n-áirítear feidhmiú céimneach ar mhéadair leictreachais digiteacha nua, gréasán cumarsáide chun tacú leo, agus infheistíocht i gcórais IT nua. Tá an Coimisiún um Rialachán Fóntas freagrach as comhordú ginearálta ar an gClár Méadraithe Cliste Náisiúnta.

Thug an Coimisiún um Rialachán Fóntais tasc do Ghréasáin ESB (Oibreoir Chórais Dáileacháin) le feidhmiú céimneach ar mhéadair cliste. Chuir Gréasáin ESB tús le feidhmiú céimneach ar mhéadair i Meán Fómhair 2019 agus beidh feidhmiú céimneach seachadta ar bhealach céimnithe. Áirítear leis an gcéad chéim seachadadh 250,000 méadar go deireadh 2020. I gcéimeanna ina dhiaidh beidh timpeall 500,000 méadar i ngach ceann de 4 bhliana as a chéile. Ní mór tabhairt faoi deara go bhfuil Covid-19 ag cur tionchair ar an chéad chéim den fheidhmiú céimneach.

Cinnteoidh clár uasghrádaithe mhéadar cliste na hÉireann go mbeidh rochtain ag tomhaltóirí ar tháirgí nua (amhail am úsáide ag athrú ó 2021) agus faisnéis níos mionsonraithe níos cruinne.

Déanfaidh méadair cliste an próiseas athraithe soláthraithe níos éasca agus cumhacht a thabhairt do thomhaltóirí chun rogha feasach a dhéanamh dá riachtanais fuinnimh. Ceadóigh méadrú cliste freisin forbairt ar ghreille cliste agus éascóidh sé pleanáil gréasáin níos solúbtha, iontaofa agus níos fearr.

Tá sé beartaithe go gcuirfidh táirgí agus seirbhísí nua ar chumas na dtomhaltóirí a n-ídiú a athrú go tréimhsí nach bhfuil gnóthach sa lá nuair a bhíonn leictreachas níos saoire. Sa todhchaí, ceadóidh feidhmiúlacht laistigh an mhéadair do Ghréasáin ESB fabhtaí a aimsiú níos gasta agus bainistíocht a thabhairt ar shábháilteacht na méadar níos éifeachtaí.

Beidh méadair cliste ina dtacaíocht thábhachtach freisin i dtreo gréasáin leictrachais saor ó charbón agus cumasóidh siad greillí, r-charanna, giniúint inathnuaite áitiúil agus micreaghiniúint.

## 7.2 Táscaire Ullmhachta Cliste

Tabharfaidh an Táscaire Ullmhachta Cliste (SRI), i bhforbairt faoi láthair, rátáil don fhoirgneamh ar scála chun a acmhainneacht "chliste" (cumarsáide agus comhéadain) a léiriú.

Beidh buntáiste ar an táscaire toisc go dtaispeánfaidh sé cumais gach foirgnimh chun oibriúcháin níos éifeachtaí agus feidhmíocht níos fearr trí theicneolaíochtaí ICT. Mar shampla bhí foirgneamh nua-aoiseach lena gcomhpháirteanna fuinnimh in ann idirghníomhú le chéile trí idirlíon a bheadh in ann úsáid fuinnimh a optamú. Is féidir go n-áireofar leis sin uasmhéid úsáide inathnuaite ginte ar an láthair lena n-áirítear am úsáide gléasanna fuinnimh chun an méid is lú indéanta a bhaint ón ngreille.

Bheadh an fhaisnéis SRI an-úsáideach d'úinéirí foirgnimh ag tabhairt teimpléid cinnteoireachta ar roghanna éifeachtachta fhuinnimh. Dá raibh gach faisnéis SRI le bheith sainscagtha, thabharfadh sé príomh-fhaisnéis an mhargaidh d'oibreoirí eacnamaíocha sa mhargadh éifeachtachta fuinnimh. Dá raibh céatadán mór na bhfoirgneamh le SRI, chabhródh sin le lucht déanta beartais.

An dúshlán ná leibhéal suntasach SRI a fháil d'fhoirgnimh. Cuimsíonn tuarascáil an Choimisiúin Eorpaigh[21] ceistneoir le líonadh isteach ag úinéirí tithe chun measúnú a dhéanamh ar SRI. Bheadh ar úinéirí foirgnimh SRI a chríochnú i líon suntasach dóibh chun go mbeadh na sonraí úsáideach do lucht déanta beartais. Éascóidh bunaíocht an Chláir Méadraithe Cliste Náisiúnta an clár SRI.

## 7.3 Ag Tacú le Teicneolaíochtaí agus Réitigh Cliste

Aithnítear an luach a bhaineann le teicneolaíochtaí agus córais cliste chun cuidiú le éifeachtacht fhuinnimh agus táthar á gcur chun cinn in Éirinn.

Léirigh taighde ar mheon agus cur chuige chun éifeachtacht fhuinnimh a fheabhsú san earnáil gnó go bhfuil roghnachas ag an margadh do chur chuige le tréimhsí aisíoctha níos lú, rud a eascraíonn go minic i roghnachas do réitigh teicneolaíochta méadaithe fiú i bhfoirmeacha bunúsacha.

Dar le forléargas ar theicneolaíochtaí in úsáid in 2017 ag gnónna go gcuimsíonn siad sin méadair bunúsacha, go teileamaitic braiteoirí go Córais Bainistíochta Foirgnimh. I measc na bhfreagróirí bhí toilteanas ard (os cionn 90%) chun teicneolaíochtaí dhigiteacha a úsáid dá raibh siad oiriúnach dá riachtanais agus ar fáil. Príomh-thionchar air sin ná éifeachtacht de

[21] https://www.buildup.eu/sites/default/files/content/sri_1st_technical_study_-_executive_summary.pdf

réir cosúlachta agus tréimhsí aisíoctha gearra bainteach le réitigh teicneolaíochta ar féidir leo cúnamh a thabhairt do ghnónna a n-éifeachtacht fhuinnimh a fheabhsú.

I gcomhair comhlachtaí an Earnála Poiblí, ritheann Oifig na nOibreacha Poiblí feachtas coimeádta fuinnimh d'fhoireann ar fud an stáit, dár teideal Cumhacht a Optamú san Obair, i bhfoirgnimh an Rialtais Láir (ó 2008) agus i bhfoirgnimh an Earnála Poiblí (ó 2014). Ceann de phríomh-fhachtóirí chun ratha an chláir ná infhaighteacht sonraí ídithe fuinnimh fíor ama, cruinn do gach foirgneamh. Tá gach foirgneamh páirteach suite le trealamh monatóireachta fuinnimh a dhéanann taifead uathoibríoch ar úsaid fhuinneamh teirmí gach 15 nóiméad. Tá na sonraí bailithe ar fáil trí ardán sa ghréasán. Úsáidtear na sonraí chun monatóireacht a thabhairt ar dhul chun cinn, targaid a shocrú agus tuarascálacha fuinnimh a ullmhú d'fhoirne fuinnimh i bhfoirgnimh aonair.

Díríonn an clár Cumhacht a Optamú san Obair ar optamú Chórais reatha Bainistíochta Foirgnimh i ngach foirgneamh. Baineann sin le seiceálacha rialta ar phointí socraithe, sceidil ama agus calabrúchán braiteoirí chun a chinntiú go bhfuil téamhú, uisce te agus córais aeraithe ag oibriú chomh héifeachtaí agus is féidir agus amháin nuair is gá.

Thar an trí bhliana seo caite, comh-chlár DCCAE, SEAI agus Oifig na nOibreacha Poiblí, bhí uasghrádú déanta ar chórais soilsithe os cionn 50 foirgneamh móra an Rialtais Láir go LED ardéifeachtachta. Bhí gach ceann de na córais sin suite le rialuithe soilsithe uathoibríoch chun braiteoireacht áitithe a cheadú, mar aon le nascú sholas an lae agus dorchú, i gceantair oiriúnacha.

# 8 Sábhálacha Fuinnimh agus Buntáistí níos Mó

Is féidir go mbeidh an costas chun fóirdheontas poiblí a thabhairt chun athchóiriú cuimsitheach a spreagadh a bheith níos mó ná seach-churtha ag na buntáistí a eascraíonn as. I gcomhthéacs foirgnimh poiblí, is féidir le feabhsúchán ar éifeachtacht fhuinnimh brú a laghdú ar airgead poiblí (m.s. Buiséid údaráis poiblí), ag giniúint ioncaim cánach níos mó trí ghníomhaíocht eacnamaíoch ardaithe agus ag laghdú caiteachais ar fhuinneamh agus sochair dífhostaithe.

Ní bhaineann na buntáistí airgeadais amháin le airgead a shábháil: eascraíonn athchóirithe éifeachtachta fhuinnimh i gcáilíocht an aeir feabhsaithe agus compord teirmeach a bhfuil buntáistí táirgiúlachta leis agus a eascraíonn i níos lú laethanta oibre in easnamh. Mar dhea, meastar go n-eascraíonn gach €1 infheistíochta in insliú i mbuntáiste €0.78 i laethanta laghdaithe oibre in easnamh[22]. Is féidir le feabhsuithe ar tháirgiúlcht i ngeall ar cháilíocht ardaithe an aeir dul chomh hard le 8-11%[23].

Leis sin, is féidir le buntáistí don chomhshaol ó laghduithe in astuithe carbóin agus úsáid fuinnimh feabhas a chur ar stádas glas na heagraíochta, mar aon le íomhá agus caidrimh poiblí a fheabhsú.

## 8.1 Sábhálacha Fuinnimh


Cuidíonn éifeachtacht fhuinnimh chun cloí le aidhmeanna fuinnimh agus aeráide. Is féidir dul chun cinn a thabhairt ar an trí philéar polasaithe fuinnimh - slándáil soláthair, iomaíochas agus inbhuanaitheacht - trí bhearta éifeachtachta fhuinnimh.

Laghdaíonn éileamh níos lú ar fhuinneamh, i ngeall ar bhearta éifeachtachta, an obair a bhaineann le targaid fuinnimh inathnuaite a bhaint amach (mar shampla, líon laghdaithe tuirbíní gaoithe nó coirí bithmhaise ag teastáil). Tá buntáistí eacnamaíocha agus sóisialta ann le éifeachtacht fhuinnimh, lena n-áirítear sábhálacha díreacha, costais breosla níos ísle, infheistíocht níos smachtaithe i soláthar, agus tá níos mó fianaise ann ar shláinte agus leas pearsanta feabhsaithe freisin. Cuideoidh na bearta éifeachtachta fhuinnimh le cuspóir Gníomhaithe ar son na hAeráide na hÉireann chun CO2 a laghdú, nó astuithe coibhéiseacha ón dtimpeallacht thógtha, de réir réamh-mheastacháin 40%-45% maidir le 2030.

[22] http://bpie.eu/wp-content/uploads/2019/04/Implementing-the-EPBD_BPIE_2019.pdf
[23] https://www.worldgbc.org/news-media/health-wellbeing-and-productivity-offices-next-chapter-green-building

Táthar ag súil le feabhsúchán ar éifeachtacht fhuinneamh 16% bainteach le 2001-2005 bonnlínte measta i gcomhair 2020 sna meastacháin is déanaí, ag baint amach 80% den targaid 20% i gcomhair 2020.

Tugann Plean Fuinnimh Náisiúnta agus Aeráide na hÉireann mionsonraithe ar leibhéal na sábhálacha fuinnimh measta roimh 2030. Tugann an figiúir agus tábla thíos achoimre de réir earnála bunaithe ar chás 'le bearta breise'. Tá a thuilleadh mionsonraí leagtha amach ag Plean Náisiúnta um Fhuinneamh agus Aeráid.




**Figiúr 175.** Sábhálacha réamh-mheasta de réir earnála ag Plean Náisiúnta um Fhuinneamh agus Aeráid

| **Sábhálacha Éifeachtachta Fhuinnimh Réamh-mheasta NECP** | | |
|---|---|---|
| **Sábhálacha Fuinnimh Príomha (GWh)** | **2020** | **2030** |
| Tionscail | 3,564 | 6,032 |
| Tithíochta | 8,436 | 23,662 |
| Gnó | 8,918 | 21,166 |
| Iompar | 1,839 | 6,859 |
| Tras-earnála | 2,347 | 4,451 |
| **Iomlán Sábhálacha** | **25,103** | **62,171** |

**Tábla 10:** Sábhálacha Éifeachtachta Fhuinnimh Réamh-mheasta NECP

| **Polasaithe Éifeachtachta Fhuinnimh (GWh)** | **2018** | **2020** | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** | **2028** | **2029** | **2030** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|

| | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Sábhálacha Fuinnimh Príomha** | 19,326 | 25,103 | 28,142 | 31,277 | 34,834 | 38,347 | 41,877 | 45,859 | 49,692 | 53,650 | 57,758 | 62,171 |
| **Sábhálacha Fuinnimh Deiridh** | 17,266 | 21,780 | 24,408 | 27,212 | 30,314 | 33,479 | 36,940 | 40,830 | 44,394 | 48,141 | 51,952 | 56,159 |
| **Sábhálacha Fuinnimh ar Thaobh an tSoláthair** | 6,983 | 6,747 | 8,665 | 11,114 | 11,533 | 12,850 | 16,342 | 18,747 | 19,490 | 20,167 | 20,456 | 21,626 |
| **Iomlán Ídithe Fuinnimh Príomha** | 170,922 | 181,716 | 179,266 | 177,385 | 174,817 | 173,225 | 171,582 | 165,273 | 165,125 | 163,388 | 161,571 | 159,146 |
| **Iomlán Ídithe Fuinnimh Deiridh** | 143,061 | 150,446 | 149,231 | 148,035 | 146,073 | 144,611 | 143,197 | 140,563 | 138,114 | 135,475 | 132,708 | 130,493 |

**Tábla 11:** Aistear na sábhálacha fuinnimh (WAM)

Chomh maith leis an achoimre leagtha amach thuas agus mionsonraí sa Phlean Náisiúnta um Fhuinneamh agus Aeráid, tá gach aon thacaíocht faoi réir athbhreithnithe agus measúnaithe chun luach ar airgead a chinntiú. Tugann na athbhreithnithe agus measúnaithe sin imscrúdú ar phríomh-mhéadracht amhail costas an aonaid le príomh-fhuinneamh agus costas an tonna le carbón lagaithe.

## 8.2 Buntáistí níos Leithne

Chomh maith le buntáistí díreacha amhail úsáid príomh-fhuinnimh agus astuithe gáis ceaptha teasa a laghdú, tá réimse buntáistí níos leithne bainteach leis na polasaithe agus bearta leagtha amach thuas.

Cé go mbaineann úinéirí tithe agus foirgnimh in Éirinn leas as uasghráduithe éifeachtachta fuinnimh, tá go leor de na beartaí sin leasmhar don sochaí is leithne. Mar shampla, leictriúchán téamhaithe (cúpláilte le dícharbónú cothrománach ar ghréasán leictreachais) a chuidíonn le truailliú aeir a laghdú.

Aithnítear go hidirnáisiúnta[24] gur féidir le bearta éifeachtachta fhuinnimh tacú le fórsaí oibre reatha agus poist nua a chruthú, agus borradh a chur le gníomhaíocht eacnamaíoch i bpríomh-earnálacha dlúthshaothair. Léiríonn anailís SEAI go dtéann 60% de chaiteachas ar aisfheistithe éifeachtachta fhuinnimh i dtreo oibre, ag seachadadh fáis fostaíochta láidir.[25]

Tá stair ag infheistíocht in aisfheistiú i seachadadh buntáistí fadtréimhseacha amhail iomaíochas feabhsaithe, agus tionchar dearfach ar bhuiséid poiblí. I ngeall air sin, tacaíonn

[24] IEA (2020), *Sustainable Recovery*, IEA, Paris https://www.iea.org/reports/sustainable-recovery

[25] SEAI (2011), https://www.seai.ie/publications/Economic-Analysis-of-Residential-and-Small-Business-Energy-Efficiency-Improvements.pdf

infheistíocht in aisfheistiú seachadadh ar chuspóisí pholasaí poiblí ar an ngearrtéarma (spreagadh agus cruthú poist) agus fadtéarma (sábhálacha ar chistí poiblí) araon.

De réir an IEA[26], eascraíonn éifeachtacht i ngnóthaithe táirgiúlachta go háirithe ag laghdú costais cothabhála agus ag ardú táirgeachta an aonaid ionchuir. Leis sin, eascraíonn feabhsúcháin in oibriúchán agus iontaofacht phróisis, ar féidir gnóthuithe éifeachtachta a chothú, i laghdú ar an méid neamhfhónaimh trealaimh, dúnadh nó fabhtaí an chórais. Nuair a dhéantar próisis a optamú chun cur le éifeachtacht is féidir leis sin freisin am foirne a laghdú a theastaíonn chun cur le oibriúcháin agus sceidealú, ag laghdú freisin an riosca do bhotúin daonna.

Luann an IEA freisin[27] gur féidir le bearta éifeachtachta fhuinnimh buntáistí airgeadais a sheachadadh do bhuiséid poiblí trí ioncaim ardaithe agus caiteachais laghdaithe araon. Is féidir le rialtais áitiúla costais oibriúcháin a laghdú, chuige sin ag cur bearta éifeachtachta fhuinnimh i bhfeidhm, a n-eascraíonn i sábhálacha fuinnimh, agus dá bhrí sin níos lú caite i mbillí fuinnimh. Chomh maith leis, is féidir le Rialtais ioncaim ardaithe a bhaint amach le cáin díolacháin ar tháirgí agus seirbhísí éifeachtachta fhuinnimh níos luachmhara, chomh maith le cáin eastáit ardaithe ar fhoirgnimh níos éifeachtaí ó thaobh fuinnimh. Is féidir le Rialtais freisin sábhálacha airgeadais indíreacha a fháil trí chaiteachais leasa sóisialta laghdaithe a bhí caite ar fhóirdheontais fuinnimh.

I gcúinsí áirithe, díríonn polasaithe agus bearta ar aschuir fuinnimh agus neamh-fhuinnimh. Tá an Scéim Píolóta um Teas agus Leas déanta chun measúnú agus bailíochtú oibiachtúil a thabhairt ar thionchair sláinte agus leas le feabhsuithe ar choinníollacha maireachtála na ndaoine leochaileacha i mbochtanas fuinnimh le coinníollacha riospráide ainsealacha. Ó 2016, fuair os cionn 1,200 teach uasghráduithe saor in aisce, lena n-áirítear insliú áiléir agus balla, athchur fuinneoige agus dorais agus uasghráduithe sa chóras teasa nuair is gá. Tá costas meánach an tigh chríochnaithe go dtí seo timpeall €23,000.

Comh-thionscnaíocht pholasaí is ea an scéim idir Roinn Cumarsáide, um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaoil agus an Roinn Sláinte agus táthar á sheachadadh ag foireann comhdhéanta le oifigigh ó Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann (SEAI) agus Feidhmeannach na Seirbhíse Sláinte (HSE). Tá anailís neamhspleách á dhéanamh chun bailíochtú agus tomhais oibiachtúil a thabhairt ar thionchair don sláinte agus leas ag London School of Hygiene and Tropical Medicine, i gcomhoibríocht le Feidhmeannach na Seirbhíse Sláinte.

---

[26] IEA (2019), *Multiple Benefits of Energy Efficiency*, IEA, Paris https://www.iea.org/reports/multiple-benefits-of-energy-efficiency

[27] Thuas.

Tá an scéim oscailte do dhaoine 55 bliain d'aois agus os cionn nó 12 bliain d'aois agus faoi bhun atá ina gcónaí le coinníollacha ainsealacha riospráide i dteaghlaigh a fhaigheann íocaíochtaí leasa áirithe. Oibríonn an scéim ar bhonn atreoraithe agus aithníonn suirbhéir faofa cén uasghráduithe is mó a oireann don bhaile. Áirítear le feabhsuithe insliú áiléir agus balla, athchur coire agus athchuir fuinneoige agus dorais nuair is gá. Tugtar aerú cuí freisin i gcomhréir le caighdeáin aisfheistithe.

Chomh maith leis na tionchair aeráide agus fuinnimh, léirigh tuarascálacha tosaigh go bhfuil na uasghráduithe ag seachadadh buntáistí do shláinte agus leas na rannpháirtithe agus má dheimhníonn an taighde é sin go heimpíreach, ansin úsáidfear é chun faisnéis a thabhairt do chinntí an Rialtais maidir le cur chuige aisfheistithe.

# Aguisín 1: Comhairleoireacht Phoiblí

Rinneadh comhairleoireachtaí maidir le Treoir Feidhmíochta Fhuinnimh d'Fhoirgnimh lena n-áirítear comhairleoireacht poiblí sonrach chun faisnéis a thabhairt don roinn ar an Straitéis Athchóiriú Fadtréimhseach. Rinneadh é sin ó Nollaig 2019 go Eanáir 2020 san am céanna le comhairleoireacht ar bhaic a bhaint ar éifeachtacht fhuinnimh san earnáil cíosa, ag dul i ngleic leis an bhfadhb spreagtha roinnte[28]. Bhí na comhairleoireachta phoiblí sin ar oscailt do gach eagraíochtaí agus daoine aonair.

Tugadh breac-chuntas dréachtaithe ar Straitéis Athchóirithe Fadtréimhseach na hÉireann (LTRS) mar chuid den chomhairleoireacht. Iarradh ar fhreagróirí trácht a dhéanamh ar an LTRS molta ag úsáid an teimpléid freagra. Ar iomlán, bhí 22 freagra ann don chomhairleoireacht LTRS. Bhí an chomhairleoireacht deartha chun idirbheartú leis an méid is mó indéanta geallshealbhóirí ag bhealach soiléir, eagraithe agus follasach.

I gcásanna áirithe bhí bailiúchán dearcthaí i gceist leis na freagraí. Mar dhea, rith Comhairle Tógála Glas na hÉireann ceardlann geallshealbhóirí ar an LTRS. Thug ionchur ón gceardlann forlíonadh don sraith is cuimsithí ceardlanna comhairleoireachta le Comhairle Tógála Glas na hÉireann don straitéis 2017. Rinne sin bunús d'ionchur Chomhairle Tógála Glas na hÉireann i gcomhair an phróisis LTRS.

Rinneadh anailís ar os cionn 70 iarratas faighte ar an gcomhairleoireacht spreagtha roinnte agus tá an Grúpa Comhairleach Saineolach ag breithniú orthu faoi láthair. Déanfaidh siad moltaí i gcomhthéacs an Tuarascála Fhórsa Taisc Aisfheistithe ar cén bheartaí polasaithe ar féidir a bheith dearbhaithe.

Rinneadh trí chomhairleoireacht phoiblí maidir le Treoir um Fheidhmíocht Fhuinnimh na bhFoirgneamh. Reachtaíodh dhá chomhairleoireacht le haghaidh cur i bhfeidhm NZEB agus rinneadh riachtanais athchóirithe móra ar an Treoir. Reachtaíodh comhairleoireacht maidir le foirgnimh neamh-chónaitheacha in 2017, agus fuarthas iomlán 49 aighneachtaí is rinneadh athbhreithniú orthu[29]. Reachtaíodh comhairleoireacht maidir le foirgnimh cónaitheacha in 2018, agus fuarthas 66 aighneachtaí is rinneadh athbhreithniú orthu[30].

---

[28] Is féidir teacht ar na mionsonraí go léir ar na comhairleoireachtaí sin anseo: https://www.dccae.gov.ie/en-ie/energy/consultations/Pages/Public-Consultation-on-removing-barriers-to-energy-efficiency-in-the-rental-sector.aspx

[29] https://www.housing.gov.ie/housing/building-standards/tgd-part-l-conservation-fuel-and-energy/public-consultation-review-part-l

[30] https://www.housing.gov.ie/housing/building-standards/tgd-part-f-ventilation/public-consultation-review-part-l-f-building

Rinneadh comhairleoireacht maidir le riachtanais EPBD, go háirithe an riachtanas um shuiteáil infreastruchtúir athluchtaithe feithicle in 2017 agus fuarthas 16 freagra ó dhaoine aonair agus eagraíochtaí[31]. Áirítear leis na heagraíochtaí sin comhlachtaí cláraithe gairmiúla tógála, Údarás Áitiúil, comhlachais soláthraithe fuinnimh, ailtirí, innealtóirí, comhlacht thógála, eagraíocht neamhbhrabúis, comhlacht reachtúil neamhspleách agus institiúid oideachais.

D'eascraigh na tráchtanna in athruithe le foclaíocht an TGD (Cáipéis Threoraíochta Teicniúil) L i gcomhair Áitribh agus Foirgnimh difriúla ó Áitribh chun níos mó soiléire a thabhairt ar na riachtanais, ach ní raibh aon athrú ar an reachtaíocht mholta.

In éineacht leis na comhairleoireachtaí phoiblí - tharla idirghníomhú forleathan geallshealbhóirí le Ranna eile an Rialtais agus gníomhaireachtaí an stáid, údaráis rialaithe tógála, gairmithe an tionscail tógála, agus eagraíochtaí eile a dhéanann ionadaíocht ar an tionscal tógála.

[31] https://www.housing.gov.ie/housing/building-standards/energy-performance-buildings/public-consultation-review-building

# Aguisín 2: Cur i bhFeidhm LTRS 2017-2020 na hÉireann

Tugann an tábla a leanas uasghrádú ar dhul chun cinn maidir leis na aschuir ionchais leagtha amach i Straitéis Athchóirithe Fadtréimhseach na hÉireann a chlúdaíonn an tréimhse 2017 go 2020.

| Foinse | Aschur Ionchais | Nuashonrú ar Dhul chun Cinn |
|---|---|---|
| S1 P3 | Bearta fioscach chun cuidiú leibhéil níos airde sábhála fuinnimh agus maolú carbóin a bhaint amach agus ón Timpeallacht Tógtha i ndiaidh 2020. | Foilsíodh an Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide, cur chuige polasaithe ag an Rialtas go léir chun déileáil le dícharbónú, i Meitheamh 2019. Leagann sé amach bearta fioscacha lena n-áirítear an Ciste Gníomhaíochta ar son na hAeráide. Tugann sé soiléire thábhachtach agus comharthaíocht ar phraghas carbóin lena n-áirítear tiomantas ag an Rialtas chun ráta cánach carbóin a chur i bhfeidhm ar a laghad €80 an tonna roimh 2030, in éineacht le conair ar arduithe thar na Buiséid bliantúla comhleantacha. |
| S1 ii P6 | Scéim Teasa agus Leasa, tionscnaíocht pholasaí sláinte agus fuinnimh araon a thugann bearta cuimsitheacha do dhaoine le coinníollacha riospráide ainsealacha agus lena n-áirítear tionscadal taighde speisialaithe chun tomhais a ghlacadh ar shochair leasa ó éifeachtacht fhuinnimh. | Tá cur i bhfeidhm na scéime píolóta geall le bheith críochnaithe. Uasghráduithe rathúla ar os cionn 1,200 teach sa limistéar píolóta.<br><br>Léirigh athbhreithniú tosaigh ar thionchair fuinnimh na scéime gur fheabhsaigh Rátáil Fuinnimh Tógála le tithe rannphháirteacha ó D2 go B3 le astuithe carbóin laghdaithe ag meán-mhéid 2.2 tCO2/bliain.<br><br>Níl torthaí ar fáil go fóill ar an taighde bunaithe ar shláinte. Tuairiscithe starógacha de rannpháirtithe ag mothú níos sláintiúla |

| Foinse | Aschur Ionchais | Nuashonrú ar Dhul chun Cinn |
|---|---|---|
| | | go ginearálta, agus níos lú cuairteanna ag teastáil uathu ar an GP agus níos lú cógais ar oidis in aghaidh coinníollacha riospráide. |
| S1 ii P6 | Teastais Rátála Fuinnimh Tógála roimh agus tar éis athchóirithe chun tomhais níos cruinne a ghlacadh den ardú in éifeachtachta fhuinnimh do thithe aonair. | Cuireadh é sin i bhfeidhm faoi réir scéime Píolóta Aisfheistithe Cuimsithigh, le aidhm chun feidhmiú céimneach níos cuimsithí a thabhairt air thar scéimeanna aisfheistithe eile. |
| S1 ii P6 | Tugann Córas Monatóireachta agus Tuairiscithe ar Fheidhmíocht Fhuinnimh an Earnála Poiblí ag SEAI in 2009 sonraí chun dul chun cinn a thomhais go targaid 33% feabhsuithe in éifeachtacht fhuinnimh roimh 2020 ag comhlachtaí poiblí. | Cheadaigh sonraí M&R foilseachán tuairiscithe ar dhul chun cinn bliantúil (ar fáil ar shuíomh gréasáin SEAI) agus tugann sé bunús fianaise chun feidhmíocht an earnála poiblí a rianú agus bainistíocht fhuinnimh feabhsaithe a éascú. Is príomh-thacaíocht é sin chun cur i bhfeidhm na Straitéise Éifeachtachta Fhuinnimh don Earnáil Poiblí. |
| S1 ii P6 | Aonad Eacnamaíochta Iompair bunaithe ag SEAI in 2017 chun anailís agus comhairle a thabhairt i gcomhair foirmlithe polasaithe agus cur i bhfeidhm scéime. | Tá Aonad Eacnamaíochta Iompair ag oibriú anois. Tá a chuid taighde agus comhairle agus léargais ó thuiscint fheabhsaithe ar eolaíocht iompair ag tabhairt faisnéise do chur chuige polasaithe agus feabhsuithe scéime éifeachtachta. |
| S1 ii P6 | Teastais athdheartha Rátála Fuinnimh Tógála (BER) sothuigthe don tomhaltóir agus tabhairt isteach BER roimh agus i ndiaidh athchóirithe. | Forbairt ar Thuarascáil Comhairleach BER feabhsaithe críochnaithe go substainteach agus táthar ag súil go seolfar é in 2020.<br>Cuireadh riachtanas i gcomhair BER roimh agus i ndiaidh |

| Foinse | Aschur Ionchais | Nuashonrú ar Dhul chun Cinn |
|---|---|---|
| | | athchóirithe i bhfeidhm freisin faoi réir scéime Píolóta Aisfheistithe Cuimsithigh, le aidhm chun feidhmiú céimneach níos cuimsithí a thabhairt air thar scéimeanna aisfheistithe eile. |
| S1 ii P6 | An clár EXEED a thacaíonn le deimhniúchán bainistíochta fhuinnimh d'úsáideoirí fuinnimh tráchtála. | Tá an clár EXEED in oibriúchán ó 2017. Tugann EXEED spreagadh, duaiseanna, agus éascú d'éifeachtacht fhuinnimh i ngnónna. Tá dhá chuspóir ag an gclár: cuidiú le gnónna, poiblí agus príobháideach araon, éifeachtacht fhuinnimh a fheabhsú, agus smaointeoireacht dheartha éifeachtaí fuinnimh a leabú a leanfaidh ag cuidiú don eagraíocht. |
| S1 ii P6 | Straitéis Éifeachtachta Fhuinnimh an Earnála Poiblí i bpleanáil gnó agus bainistíocht acmhainní. | Áirítear leis an Straitéis tacaíochtaí agus bearta chun bainistíocht fhuinnimh a leabú, lena n-áirítear:<br>• Cur chuige struchtúrtha ar bhainistíocht fhuinnimh le comhlachtaí an earnála poiblí ag cur i bhfeidhm íosmhéid;<br>• Struchtúr Rialachais ag iarraidh ó gach comhlacht poiblí oifigeach sinsearach a cheapadh mar Oifigeach Feidhmíochta Fhuinnimh, cuntasach as feidhmíocht fhuinnimh agus ceannaireacht straitéiseach;<br>• Tacaíochtaí agus acmhainní méadaithe faoi réir Chláir an Earnála Poiblí SEAI go háirithe i dtéarmaí seirbhísí oiliúna |

| Foinse | Aschur Ionchais | Nuashonrú ar Dhul chun Cinn |
|---|---|---|
| | | agus meantóireachta i ndea-chleachtais bainistíochta fhuinnimh, méadracht eagraíochta, srl. |
| S1 iii P6 | Iniúchta Fuinnimh sna earnálacha tráchtála agus poiblí. | Reachtaíocht náisiúnta nuashonraithe chun gach fiontar a thabhairt faoi réir an Scéime Iniúchta Fuinnimh. Bhunaigh an SEAI Scéim Comhréireachta Iniúchta Fuinnimh chun a cheadú d'eagraíochtaí faoi oibleagáid comhréireacht a thuairisciú. Cuireann an SEAI ar fáil freisin treoraíocht agus tacaíocht d'eagraíochtaí chun cuidiú leo cloí lena n-oibleagáidí dlíthiúla. |
| S1 iii P6 | Iarrann EPBD ar gach foirgneamh nua a bheith ina bhFoirgnimh Beagnach a Náid Fuinnimh (NZEB) roimh 31 Nollaig 2020 agus gach foirgneamh faighte ag comhlachtaí poiblí roimh 31 Nollaig 2018. | Bhí rialacháin an Aontais Eorpaigh (Feidhmíocht Fhuinnimh na bhFoirgneamh) 2019 sínithe ag an 29 Aibreán 2019 agus iarrann siad ó NZEB cur isteach i gcomhair áitribh nua a thosaíonn tógáil i ndiaidh 1 Samhain 2019. Beidh sé riachtanach d'Athchóirithe Móra ar áitribh feidhmíocht cost-optamach a bhaint amach. Cuireadh NZEB d'fhoirgnimh neamh-chónaitheacha i bhfeidhm i Rialacháin Tógála i Nollaig 2017 agus baineann sé ón 1 Eanáir 2019. Sonraíonn sin riachtanais feidhmíochta NZEB d'fhoirgnimh neamh-chónaitheacha agus riachtanais Athchóirithe Móra d'fhoirgnimh reatha |
| S1 iii P6 | Tá riachtanas freisin ag EPDB gur gá aon tógáil reatha faoi réir athchóirithe mhóir a lua go leibhéal optamach i | Cuireadh rialacháin chun riachtanais a i bhfeidhm i gcomhair foignimh ag dul faoi athchóirithe móra le lua go leibhéal optamach i |

| Foinse | Aschur Ionchais | Nuashonrú ar Dhul chun Cinn |
|---|---|---|
| | gcomhair feidhmíochta fhuinnimh. | bhfeidhm le rialacháin Foirgnimh d'fhoirgnimh neamh-chónaitheacha in 2017 agus d'áitribh in 2019. |
| S1 iii P6 | Smaoineamh faoi chaighdeáin éifeachtachta fhuinnimh íosmhéid a thabhairt isteach i bpostáil an earnála cíosa 2020. | Seoladh Comhairleoireacht Phoiblí 'Dul i ngleic leis an bhfadhb Spreagtha Roinnte chun Constaicí a Bhaint ar Éifeachtacht Fhuinnimh' in Q4 2019. Tabharfaidh anailísí ar iarratais faisnéis do mholtaí polasaithe. Cuireadh an rogha sin rialacháin leis mar cheann de chur chuige féideartha polasaithe sa Chomhairleoireacht sin. Tabharfaidh torthaí na comhairleoireachta poiblí faisnéis don chinneadh maidir le tuilleadh bearta polasaithe. |
| S1 iii P6 | Scéim Píolóta Aisfheistithe Cuimsithigh ag rith ó 2017-20 ag maoiniú uasghráduithe fabraice cuimsithigh agus ag aistriú ó bhreosla iontaise go dtí íosmhéid A3 BER | D'oibrigh an Scéim Píolóta Aisfheistithe Cuimsithigh mar phíolóta faoi cheangal ama chun imscrúdú a dhéanamh ar na dúshláin agus deiseanna le aisfheistiú cuimsitheach in Éirinn. Thug an scéim 50% maoinithe do thithe ag uasghrádú chuig leibhéil an-ard éifeachtachta, ag corprú inathnuaití. |
| S1 iii P6 | Caidéil teasa agus deontais inslithe méadaithe a thabhairt isteach chuig an gClár Fuinnimh Níos Fearr | in 2018. Cuireadh deontas chun suiteála caidéil teasa, ina gcloíonn teach le leibhéal áirithe éifeachtachta ar fáil. Bhí méideanna deontais méadaithe freisin i gcomhair inslithe chun cur chuige fabraic ar dtús a spreagadh don athchóiriú. |
| S1 iii P6 | Aisfheistiú níos cuimsithí san earnáil poiblí, ar bhonn | Ó 2017, maoinithe ag DCCAE, d'fhorbair SEAI sraith cláir |

| Foinse | Aschur Ionchais | Nuashonrú ar Dhul chun Cinn |
|---|---|---|
| | píolóta i rialtas láir agus scoileanna 2017-18, chun soláthair agus pacáistí oibreacha a bhunú. | comhpháirtithe aisfheistithe ar éifeachtacht fhuinnimh a dhíríonn ar éifeachtacht fhuinnimh i bhfoirgnimh an earnála phoiblí agus scoileanna.<br><br>Is cuspóir ginearálta leis na Cláir tástáil níos éifeachtaí a dhéanamh ar na cur chuige agus samhlacha chun bainistíocht níos fearr agus seachadadh samhlach d'infheistíocht aisfheistithe fuinnimh a sheachadadh.<br><br>Idir 2017 agus 2019, thug DCCAE maoiniú os cionn €28m a mhaoinigh aisfheistithe fuinnimh do os cionn 80 foirgneamh OPW agus 30 scoil. Tá iomlán €9.5m leithdháilte don Chlár 2020. |
| S1 iv P6 | Leanfaidh DCCAE agus SEAI ag obair chun feasacht a ardú i measc imreoirí ábhartha an mhargaidh le DEEP mar acmhainn chun a úsáid a spreagadh ag imreoirí an mhargaidh in Éirinn. | Bhí maoiniú curtha ar fáil chun scéimeanna píolóta SME agus an Earnála Poiblí a leanúint. |
| S2 vii P12 | Tugann an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus an Ghaeltacht (DCHG) tacaíocht agus spreagadh d'athúsáid chuí agus oiriúnú an stoic foirgnimh stairiúla i gcomhréir le prionsabail leagtha amach inár bhfoilseacháin 'Éifeachtacht Fhuinnimh i bhFoirgnimh Traidisiúnta' (2010) agus 'Ag Roinnt an Todhchaí' (2012). Oibreoidh | Ghair DCHG grúpa stiúrtha tionscadail lena n-áirítear oifigigh a léiríonn DCCAE, DHPLG, DES, OPW, SEAI agus an Comhairle Oidhreachta chun maoirseacht a thabhairt ar fhorbairt treoraíochta chun éifeachtacht fhuinnimh a fheabhsú ar fhoirgnimh traidisiúnta (nó roimh 1940) i gcomhréir le Gníomh 50(d) an Phleain Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2019. Shonraigh DCHG, i |

| Foinse | Aschur Ionchais | Nuashonrú ar Dhul chun Cinn |
|---|---|---|
| | DCCAE le DCHG chun tacú lena thuilleadh taighde ar an taighde, lena n-áirítear tiomsúchán staidéir dea-chleachtais in aisfheistiú fuinnimh ag eascrún in ullmhúchán agus foilseachán treoraíochta do dhearthóirí, sonraitheoirí agus suiteálaithe. | ngeall ar infhaighteacht theoranta ar acmhainní agus an gá ar chomhairle saineolach ardleibhéil, teastaíonn seirbhísí Conraitheora le scileanna agus saineolas cuí chun cuidiú in ullmhúchán na cáipéise treoraíochta seo. Bhí iarracht ar Iarratas ullmhaithe ag an grúpa stiúrtha tionscadail foilsithe (Lúnasa 2020) ar shuíomh gréasáin r-iarrachtaí. |
| S2 viii P12 | Aistriú ó bhreoslaí iontaise go teicneolaíochtaí téamhaithe inathnuaite. | Bhí deontas caidéil teasa nua tugtha isteach agus deontas chun coirí ola agus gáis a athchur bainte. Bhí méideanna méadaithe deontais curtha ar fáil do bheartaí inslithe chun cur chuige fabraic ar dtús a chur chun cinn agus aistriú go breoslaí an todhchaí a chumasú. |
| S2 viii P12 | Sonraí a bhailiú chun cás gnó stuama a dhéanamh ar son infheistíochta chun buntáistí inbhraite a réadú le éifeachtacht fhuinnimh do dhaoine aonair agus don Stát. | Tabharfar measúnú ar scéimeanna píolóta agus faisnéis d’fhorbairt samhlach seachadta nua i gcomhair aisfheistithe. Rinneadh tráchtanna faoi réir Phlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide an Rialtais. |
| S2 viii P12 | An cás a thógáil i gcomhair maoinithe ísealchostais. | Tabharfar measúnú ar scéimeanna píolóta agus faisnéis d’fhorbairt samhlach seachadta nua i gcomhair aisfheistithe. |
| S2 viii P12 | Acmhainn a thógáil ar an slabhra soláthair, lena n-áirítear don timpeallacht thógála stairiúil. | Thug tiomantais an Rialtais i bPlean Forbartha Náisiúnta agus Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide cinnteacht don |

| Foinse | Aschur Ionchais | Nuashonrú ar Dhul chun Cinn |
|---|---|---|
| | | mhargadh chun acmhainn a thógáil i réimse teicneolaíochtaí aisfheistithe agus inathnuaite. Bhí cúrsa oiliúna CPD ag díriú ar fhoirgnimh stairiúla agus tógtha go traidisiúnta forbartha agus rite. |
| S2 viii P13 | Bearta reatha a fhairsingiú - Tithe: deontais d'úinéirí tithe go léir ar mian leo insliú an áiléir a shuiteáil, insliú balla, téamhú teirmeach na gréine, rialuithe téamhaithe. | Bhí na bearta fairsingthe le maoiniú breise leithdháilte. |
| S2 viii P13 | Bearta reatha a fhairsingiú - Warmer Homes: éifeachtacht fhuinnimh saor in aisce do dhaoine in nó faoi riosca bochtanais, ag tabhairt inslithe áiléir agus balla cuasaigh, aerú, díon in aghaidh séidte, seaicéid fálaithe, bolgáin solais éifeachtachta fhuinnimh agus comhairle fuinnimh. | Bhí na bearta fairsingthe le maoiniú breise leithdháilte. |
| S2 viii P13 | Bearta reatha a fhairsingiú - Pobail: i gcomhair tionscadail fuinnimh pobail, ag baint le comhpháirtíochtaí idir fhoirgnimh cónaitheacha, tráchtála agus poiblí a fhaigheann maoiniú ar bhonn iomaíoch. | Bhí na bearta fairsingthe le maoiniú breise leithdháilte. |
| S2 viii P13 | Cé go bhfuil caidéil teasa ar fáil cheana faoi réir na scéime Pobail, tá dialóg ar siúil anois le pobail rannpháirteacha chun deireadh a chur le gach | Níor tugadh aon tacaíochtaí do bhreoslaí iontaise sa scéim 2019. |

| Foinse | Aschur Ionchais | Nuashonrú ar Dhul chun Cinn |
|---|---|---|
| | tacaíochtaí ar chórais bhreosla iontaise in 2019. | |
| S2 ix P13 | Teas agus Leas: Tá an píolóta trí bhliana seo ag soláthar feabhsuithe éifeachtachta fhuinnimh do thithe daoine aosta agus páistí ag fulaingt le coinníollacha riospráide ainsealacha. Tá go leor fianaise idirnáisiúnta ann a dhíríonn ar thionchair ar shláinte agus leas ar féidir leo eascrú ó éifeachtacht fhuinnimh feabhsaithe. Déanfaidh an tionscnaíocht roinnte seo idir DCCAE agus an Roinn Sláinte tástáil air sin i gcomhthéacs Éireannach agus tabharfaidh sé fianaise agus cás staidéir a chuirfidh béim ar na buntáistí sin do dhaoine. | Tá cur i bhfeidhm na scéime píolóta geall le bheith críochnaithe. Le uasghráduithe rathúla ar os cionn 1,200 teach sa limistéar píolóta.<br><br>Léirigh athbhreithniú tosaigh ar thionchair fuinnimh na scéime gur fheabhsaigh Rátáil Fuinnimh Tógála le tithe rannpháirteacha ó D2 go B3 le astuithe carbóin laghdaithe ag meán-mhéid 2.2 tCO2/bliain. Níl torthaí ar fáil go fóill ar an taighde bunaithe ar shláinte. |
| S2 ix P13 | Clár Aisfheistithe Cuimsithigh: Is aidhm leis an gclár seo an tslí is fearr a bhunú chun tacaíocht a thabhairt do leibhéil níos doimhne athchóirithe san earnáil cónaitheach, agus taithí praicticiúil a fháil ar conas forbairt a dhéanamh ar ofrálacha éifeachtachta fhuinnimh cónaitheacha ag scála i ndiaidh 2020. Tabharfaidh an clár maoiniú ar aisfheistithe cuimsitheacha ar ghrúpaí tithe níos sine chun foghlaim agus faisnéis a thabhairt ar conas dul i ngleic leis an ndúshlán bainteach le bogadh i | Seoladh an Scéim Píolóta Aisfheistithe Cuimsithigh in 2017 mar phíolóta faoi cheangal ama chun imscrúdú a dhéanamh ar na dúshláin agus deiseanna le aisfheistiú cuimsitheach in Éirinn. Thug an scéim 50% maoinithe do thithe ag uasghrádú chuig leibhéil an-ard éifeachtachta, ag corprú inathnuaití. Beidh torthaí ar fáil ón scéim píolóta seo sna míonna le teacht. |

| Foinse | Aschur Ionchais | Nuashonrú ar Dhul chun Cinn |
|---|---|---|
| | dtreo athchóirithe níos cuimsithí. | |
| S2 ix P14 | Cáipéisíocht Rátála Fuinnimh Tógála: Beidh cáipéisíocht Rátála Fuinnimh Tógála níos furasta do thomhaltóirí curtha ar fáil chun cuidiú le teaghlaigh ciall a bhaint as torthaí a BER agus conas feidhmíocht fhuinnimh a fheabhsú ina dteach. Áireofar leis freisin faisnéis ar na bearta difriúla go léir agus costais féideartha agus beidh leis freisin na leibhéil astuithe bainteach leis an áitreabh ar bhealach níos suntasaí chun feasacht a ardú ar na astuithe sin agus conas iad a bhainistiú. | Forbairt ar Thuarascáil Comhairleach BER feabhsaithe críochnaithe go substainteach agus tá beartaithe go seolfar é in 2020. Tá sé deartha chun tuilleadh faisnéise a thabhairt chun na céimeanna praicticiúla a léiriú ar féidir a ghlacadh chun feabhas a chur ar rátáil fuinnimh agus compord sa bhaile - na buntáistí agus tacaíochtaí ar fáil. |
| S2 ix P14 | Earnáil cíosa - comhairleoireacht in 2018: Cé go bhfuil scéimeanna deontais ar fáil cheana do thiarnaí talún, bhí an glacadh íseal. An tairiscint ná caighdeáin íosmhéid a thabhairt isteach i gcomhair éifeachtachta fhuinnimh san earnáil cíosa ó 2020, i gcomhairleoireacht le grúpaí geallshealbhóra. Thug tíortha eile amhail UK agus Nua-Shéalainn caighdeáin éifeachtachta fhuinnimh isteach i gcomhair a gcuid maoine ar cíos. Rinneadh anailís ar thionchar ó rialachán dá leithéid agus foilseofar é in éineacht le cáipéis chomhairleoireachta ag iarraidh ó | Rinneadh Comhairleoireacht Phoiblí ‘Dul i ngleic leis an bhfadhb Spreagtha Roinnte chun Constaicí a Bhaint ar Éifeachtacht Fhuinnimh’. Tabharfaidh anailísí ar iarratais faisnéis chun cuidiú le moltaí polasaithe. Tabharfaidh torthaí na comhairleoireachta poiblí faisnéis don chinneadh maidir le tuilleadh bearta polasaithe. |

| Foinse | Aschur Ionchais | Nuashonrú ar Dhul chun Cinn |
|---|---|---|
| | fhreagróirí breac-chuntas a thabhairt ar cén tacaíochtaí a theastaíonn chun gur féidir leis an rialachán seo éifeacht inmhianta a imirt ar cháilíocht tithíochta do dhaoine atá i mbun cíosa agus cuidiú le caillteanais fuinnimh agus astuithe GHG a mhaolú ó stoc tithíochta neamhéifeachtach. | |
| S2 ix P14 | Rialacháin Tógála i gcomhair athchóirithe móra: | Is riachtanach d'Athchóirithe Móra ar áitribh feidhmíocht cost-optamach a bhaint amach. Tá sin i gcomhréir le plean Forbartha Náisiúnta agus tabharfaidh sé áitribh atá faoi réir Athchóirithe Móra go leibhéal BER B2. Tarlaíonn athchóiriú mór nuair a thugtar athchóiriú ar níos mó ná 25% den phacáiste tógála. Bhí na riachtanais sin tugtha isteach i gCuid L rialacháin tógála in 2017 i gcomhair neamh-áitribh agus in 2019 le haghaidh áitribh. |
| S3 iii P20<br><br>S3 iv P21 | Tacaíocht leanúnach do Ghréasán Fuinnimh Tionsclaíoch Mhóir (LIEN). | Comhdhéanann an Gréasán Fuinnimh Tionsclaíoch Mhóir (LIEN) c. 190 d'úsáideoirí fuinnimh tionsclaíoch agus tráchtála is mó in Éirinn a chuimsíonn ina measc féin c 20% úsáide fhuinnimh náisiúnta. Áirítear le tacaíochtaí do LIEN:<br>• Tacaíocht mheantóireacht leanúnach - (Bainisteoir Caidrimh)<br>• Grúpaí Oibre speisialta chun cuidiú le réitigh a chruthú le chéile |

| Foinse | Aschur Ionchais | Nuashonrú ar Dhul chun Cinn |
|---|---|---|
| | | • Ócáidí gréasánaithe - seiminéir agus ceardlanna |
| S3 iii P20<br>S3 iv P21 | Cur chun cinn tionscnaíochta EXEED. | Lean tacaíochtaí a chur chun cinn faoi réir EXEED, príomh-thionscnaíocht i gcomhair fiontair tráchtála ar aghaidh. |
| S3 iii P20<br>S3 iv P23 | Iniúchtaí Fuinnimh d'fhiontair níos mó.<br>Acmhainneacht chun na iniúchtaí sin a ghiaráil agus breathnú níos faide ar na deiseanna. | Reachtaíocht nuashonraithe chun gach fiontar a thabhairt faoi réir an Scéime Iniúchta Fuinnimh. Seiceáil comhréireachta ar fáil anois. Tá scóip ann chun béim a chur ar neamh-chomhréireacht. |
| S3 iii P20 | Spreagadh i gcomhair uasghrádaithe ar threalamh tríd an Scéim Liúntais Caipitil Luasghéaraithe. | Leanann ACA ag cur chun cinn na táirgí is éifeachtaí tríd an dTaifead Trí-E, ag spreagadh leis sin éifeachtachta fhuinnimh laistigh an mhargaidh. |
| S3 iii P20<br>S3 iv P23 | Tacaíochtaí SME; scéimeanna píolóta i gcomhair uasghráduithe Soilsithe agus Deontais feirme Déirí | Thosaigh Deontas Feirme Déirí agus scéimeanna píolóta tacaíochta soilsithe in 2017 agus lean siad ar feadh trí bhliana. |
| S3 iv P20 | Cur chuige straitéiseach a ghlacadh i gcomhair an earnála tráchtála | Ag foghlaim ó thaithí leis na scéimeanna píolóta, forbraíodh ardán oiliúna agus oideachais ar líne nua go sonrach i gcomhair fiontair beaga agus meánacha. Tugann Acadamh Fuinnimh SEAI sraith modúil foghlama a dhíríonn ar réimsí sonracha deiseanna do ghnónna, lena n-áirítear Cás Staidéir Closamhairc le poist comharthaí d'acmhainní agus tacaíochtaí bhreise. |

| Foinse | Aschur Ionchais | Nuashonrú ar Dhul chun Cinn |
|---|---|---|
| | | I dteannta le Acadamh Fuinnimh SEAI ar líne, reachtáil DCCAE Suirbhé ar Éifeachtacht Fhuinnimh Tráchtála i ndeireadh 2017. Iarradh ar rannpháirtithe a gcuid feasachta a léiriú maidir le buntáistí éifeachtachta fhuinnimh do ghnónna agus na tacaíochtaí ar fáil faoi láthair chun feabhas a chur le éifeachtacht fhuinnimh. Thug sé deis do ghnónna a gcuid guthanna a bheith cloiste maidir le conas is féidir leo tacaíocht níos fearr a fháil chun a gcuid éifeachtachta fhuinnimh a fheabhsú. |
| S4 iv P26 | Struchtúr rialachais nua chun ceannaireacht shinsearach a chinntiú ar éifeachtacht fhuinnimh san earnáil poiblí. Iarrtar ar chomhlachtaí poiblí Oifigigh Feidhmíochta Fhuinnimh (EPO) a cheapadh ag leibhéal sinsearach le cumhachtaí cinnteoireachta ar airgeadas, pearsanra agus áiseanna. | Bunaíodh struchtúr rialachais agus tá sé á chur i bhfeidhm mar is cuí faoi réir Straitéise Éifeachtachta Fhuinnimh an Earnála Poiblí. D'éascaigh DCCAE in éineacht le comhoibrithe in SEAI agus OPW seachadadh Cláir Ceardlanna EPO le linn 2019 do gach 19 Grúpa Ranna an Rialtais. |
| S4 iv P26 | Bunaíocht phróisis píblíne do thionscadal láir agus cúnamh forbartha feabhsaithe an tionscadail. | Leanann SEAI ag obair leis an earnáil poiblí chun píblíne an tionscadail a fhorbairt. Aithnítear tionscadail féideartha trí go leor cainéil: Bearna SEAI GO Uirlis Targaid, Córas (M&R) Monatóireachta agus Tuairiscithe SEAI, iniúchta fuinnimh, Plean Athchóirithe Sócmhainne OPW, srl. |

| Foinse | Aschur Ionchais | Nuashonrú ar Dhul chun Cinn |
|---|---|---|
| S4 iv P26 | Maoiniú (ag DCCAE) i gcomhair tionscadail fionnachtaithe píolóta i scoileanna agus rialtas láir. | Féach nuashonrú do Thag S1 iii P6. Idir 2017 agus 2019, leithdháil DCCAE maoiniú caipitil €28m do Chláir Aisfheistithe Fionnachtaithe le tuilleadh €9.5m leithdháilte do Chlár 2020. |
| S4 iv P27 | Soiléiriú ar choinneáil na sábhálacha bainte amach ag comhlachtaí an earnála poiblí ó bhearta éifeachtachta fhuinnimh ar féidir a athlonnú laistigh na heagraíochta, deartha chun infheistíocht a spreagadh i níos mó bearta éifeachtachta fhuinnimh. | Tugadh an soiléiriú seo i Straitéis Éifeachtachta Fhuinnimh an Earnála Poiblí. |
| S4 iv P27 | An riachtanas faoi réir Treorach Feidhmíochta Fuinnimh na bhFoirgnimh (EPBD) gur chóir go mbeidh gach foirgneamh faoi úinéireacht agus áitreabh ó údaráis poiblí ar chaighdeán 'fhoirgneamh beagnach a náid fuinnimh' (NZEB) i ndiaidh 31 Nollag 2018, dhá bhliana i ndiaidh an earnála phríobháidigh, ar gá dó cloí leis an gcaighdeán sin roimh Nollag 2020. Leis sin, nuair a théann foirgneamh trí athchóiriú mór, iarrtar ar an bhfoirgneamh ar fad feidhmíocht cost-optamach a bhaint amach. | Cuireadh NZEB d'fhoirgnimh neamh-chónaitheacha i bhfeidhm i Rialacháin Tógála i Nollaig 2017 agus baineann sé ón 1 Eanáir 2019. Sonraíonn sin riachtanais feidhmíochta NZEB d'fhoirgnimh neamh-chónaitheacha agus riachtanais Athchóirithe Móra d'fhoirgnimh reatha agus baineann sé le gach foirgnimh - poiblí san áireamh.<br><br>I Nollaig 2016 eisíodh ciorclán do gach comhlachtaí sheirbhíse poiblí le comhairle dóibh maidir le riachtanas do gach foirgneamh nua faoi úinéireacht agus áitreabh ag údaráis poiblí chun feidhmíocht NZEB a bhaint amach i ndiaidh 31 Nollaig 2018. Tháinig sé le sonraíochtaí agus treoirlínte ar conas is féidir é sin a bhaint amach i gcleachta, agus baint le gach foirgnimh faoi |

| Foinse | Aschur Ionchais | Nuashonrú ar Dhul chun Cinn |
|---|---|---|
| | | úinéireacht agus áitreabh údaráis poiblí ag tosú dearaidh ó 1 Eanáir 2017. |
| S4 v P27 | Tugann Ceannaireacht agus Rialachas - Forálacha do cheannaireacht agus cuntasacht fheabhsaithe - socrúcháin nua an Rialtais i gcomhair bainistíochta shinsearaigh i Ranna an Rialtais chun ceannaireacht a thabhairt agus bainistíocht fhuinnimh a chur in áit tosaíochta ina gcuid Ranna chun áit tosaíochta a chinntiú níos fearr do bhainistíocht fhuinnimh i gcomhlachtaí an earnála poiblí faoina réim. | Faoi réir Straitéise Éifeachtachta Fhuinnimh an Earnála Poiblí tá riachtanas dlíthiúil ag gach comhlachtaí an earnála poiblí chun oifigeach sinsearach a cheapadh mar Oifigeach Feidhmíochta Fhuinnimh (EPO). |
| S4 v P27 | Bainistíocht agus Gréasánú - beidh EPO Rannach ag tuairisciú ar fheidhmíocht fhuinnimh a gcuid Grúpa. Bunaíodh gréasán EPO agus ceardlanna eagraithe chun an roinnt eispéiris a éascú, mar aon le saineolas agus baic a phlé agus cad é an bhealach is fearr chun dul i ngleic leo. | Bhí Clár Ceardlanna Ghrúpa Ranna EPO seachadta in 2019 do gach 19 an Ghrúpa Ranna. |
| S4 v P28 | Píblíne an tionscadail - tá gá ann chun spreadach agus tacaíocht a thabhairt do Chomhlachtaí an Earnála Poiblí chun tionscadail aisfheistithe ar scála níos mó a aithint | Tríd an gComhpháirtíocht Fionnachtaithe, d’fhorbair SEAI píblíne tionscadail san earnáil poiblí. Áirítear leo sin feabhsuithe ar na foirgnimh, tástáil ar chur chuige, dea-chleachtas a thógáil agus |

| Foinse | Aschur Ionchais | Nuashonrú ar Dhul chun Cinn |
|---|---|---|
| | agus díriú orthu. | acmhainn a fhorbairt i gcomhair samhlach aisfheistithe inscálaithe. |
| S4 v P28 | Tionscadail Píolóta Comhpháirtíochta - bhí maoiniú soláthraithe i gcomhair tionscadail píolóta fionnachtaithe comhpháirtíochta. Bainfidh sé sin le seachadadh comhairle agus aisfheistithe caipitil. Luach tábhachtach leis na píolótaí sin ná an foghlaim a eascraíonn agus an éifeacht thaispeána. Tabharfaidh aschuir faisnéis chun a thuilleadh cabhrach a thabhairt agus cur i bhfeidhm níos leithne a chur chun cinn san earnáil poiblí. | Tá an fhaisnéis bailithe faoi láthair ar feadh an chláir le aschuir an chláir agus aschuir go leor cur chuige curtha i bhfeidhm agus tástáilte ag fothú forbartha chláir aisfheistithe cuimsithigh don earnáil poiblí go léir. Leis sin, tabharfaidh staidéar maoinithe ag Scéim Tacaíochta Aisfheistithe Struchtúrtha an AE (SRSS) faisnéis do dhearadh agus forbairt creatlaigh i gcomhair cláir aisfheistithe cuimsithigh don earnáil poiblí. |
| S4 v P29 | Ag aithint an tábhacht a bhaineann le acmhainn uasghrádaithe sócmhainní soilsithe poiblí, tá gach 31 údaráis ag comhoibriú le chéile ar Thionscadal Uasghrádaithe ar Shoilsiú Poiblí. Má chuirtear é i bhfeidhm go rathúil, cumasóidh an tionscadal seo d'údaráis áitiúla cloí lena dtargaid 33% éifeachtachta. Forbraíodh fardal sócmhainne agus táthar ag féachaint faoi láthair ar chur chuige chun an t-uasghrádú a sheachadadh agus a mhaoiniú. | Tá Tionscadal Uasghrádaithe ar Shoilsiú Poiblí Náisiúnta ar siúil faoi láthair. Is aidhm leis timpeall 280,000 solas poiblí a aisfheistiú agus sábháil féideartha 84,000 Mwh/bliain a bhaint amach ar fhuinneamh deiridh agus 37,000 tonna Co2/bliain d'Údaráis Áitiúla. |